# PLÉARÁCA '94

Meán Fómhair

Luach: £1





Clár na Féile

An Capall

Torthaí na nGeallta

Súil Siar ar AMÁRACH

Tuairimíocht

Grianghrafanna idir nua agus sean

Béaloideas

Filíocht

Cúrsaí Spóirt

Stair Áitiúil

agus go leor eile...

# Raidió na Gaeltachta

*Scéalta Beaga agus Scéalta Móra*
*Ceol, Cabaireacht agus*
*Cuideachta ó Adhmhaidin go*
*Tráthnóna.*

**Bíonn muid ar fáil gach uile lá den bhliain. Ná bíodh drogall oraibh labhairt linn.**

Craoladh beo ar
FM/VHF
ar fud na tíre.





**Foireann Eagarthóireachta:**
Donncha Ó hÉallaithe agus Ruaidhrí Ó Tuairisg

**Buíochas:**
Tá an fhoireann eagarthóireachta an-bhuíoch do Kate Ní Dhonncha, Mairéad Seoighe, Bríd Nic Dhonncha, Bríd Ní Bhiadha, Máire Uí Ghiobúin, Cristín Ní Ghriallais agus Mairéad Ní Scanláin a thug cúnamh leis an ábhar a réiteach; Bob Quinn a chuir go leor grianghrafanna ar fáil; Peigí Ní Chonghaile, Séamas Ó Cualáin, Dónal Ó Colchúin a chuir altanna ar fáil.
Tá muid go speisialta buíoch do Johnny Bailey agus a bhean Bairbre, a roinn eolas linn agus a thug neart grianghrafanna dhúinn leis an alt faoin gCapall a dhéanmamh.

Tá buíochas ag dul chomh maith do fhoireann CHLÓDÓIRÍ LURGAN a thug gach cúnamh dhúinn agus a bhí an-fhoighdeach linn. B'é Caomhán Ó Scolaí a rinne an leagan amach slachtmhar ar an iris agus b'é Micheál Ó Braonáin a chinntigh gur tháinig sé amach in am.

Sé an fhoireann eagarthóireacht atá freagrach as aon bhotún. Tá cúpla ceann ceartaithe againn. Maith dúinn an chuid eile.

Táimid fíor bhuíoch dár bhfógróirí a chuir ar ár gcumas an iris seo a dhíol ar phraghas réasúnta.

**Coiste Phléaraca Chonamara '94:**
Máire Bn. Uí Chonghaile (Cathaoirleach)
Donncha Ó hÉallaithe (Cumann Forbartha Chois Fharraige)
Máire Uí Ghiobúin (Cumas)
Máire Bheilbigh (Pléaráca Teo)
Mairéad Ní Chualáin (Pléaráca Teo)
Peigín Ní Chonghaile (Muintearas)
Réamonn Ó Conghaile (Ros Muc)
Gearóid Ó Murchú (Cósta Chonamara),
Mags Ní Fhlatharta (An Cnoc)
Siobhán Ní Mhuirí (An Spidéal)
Treasa Ní Mhaoileoin(Ros a' Mhíl)
Risteárd Mac Aodha (An Spidéal)
Pádraig Ó Flatharta (Cill Chiaráin)
Jackie Mac Donncha (Cill Chiaráin)
Tess Bn. Uí Chonghaile (Coiste Pobail Chamuis)

**Tá an Coiste Eagraithe an bhuíoch do na daoine seo leanas a thug cúnamh dúinn imeachtaí a reachtáil:**
Liam Mac a Iomaire, a sheol an clár
Nóirín d'Arcy agus bainistíocht Óstán Chois Fharraige
Martina Goggin (An Spidéal)
Bob Quinn (Cinegael)
Miriam Allen (Fleadh Scannán na Gaillimhe)
An tAth Ó Lorcáin, Cill Chiaráin
Jackie agus Mike (Seol Siar)
Pádraig Ó hAoláin (Úd. na Gaeltachta)
Peadar Ó Maoláin (Úd. na Gaeltachta)
Máirtín Jaimsie (Raidió na Gaeltachta)
Máirtín Tom Sheáinín (RnaG)
Johnny Shéamais Ó Conghaile (RnaG)
Seán Bán Breathnach (RnaG)
Máirtín Mac Donncha (RnaG.)
Micheál Ó Cuaig (Cill Chiaráin)
Maití Joe Shéamais Ó Fátharta
Caitlín Uí Chonghaile
Marion Ridge
Máire Féirtéar (Muintearas)
Séan de Cléir (Muintearas)
Ivan Mac Philip (MFG)
Coiste Pobail Ros Muc
Coiste Pobail Chamuis
Coiste Halla Chill Chiaráin
Coiste Halla Na bhForbacha
Máirtín Ó Briain (Cladhnach)
Seosamh Ó Giobúin (Camus)
Pádraig Ó Flatharta (Camus)
Séamas Ó Fiannachta (Camus)
Colmán Ó Flatharta (Camus)
Pádraig Finnerty (Camus)
Peadar Ó hOibicín (Cinn Mhara)
Joe Kelly (Muicíneach))
Pádraig Ó Conghaile (Camus)
Máire Uí Chonghaile (Camus)
Na Bádóirí go léir a thógann páirt sna bhféile
Eoin Ó Conaire (Camus)
Pádraig Ó Fiannachta (Camus)
Neansaí Uí Fhiannachta (Camus)
Tommy Ó Méalóid (Camus)
Kevin & Tommy Óg Ó Méalóid (Camus)
Tommy Kate Ó Mainnín (Ros Muc)
Róisín Ní Mhainnín (Ros Muc)
Johnny Phádraig Pheter ÓConghaile
Ray Mc Bride
Pat Bracken
Foireann Mhuintearas na nOileán
Ord Malta & Na Gardaí
Éamonn ó hÉanaí (Inis Oírr)
Seosamh Ó Conghaile (Leitir Ard)
Mairéad Ní Scanláin (Na Minna)
Bríd Ní Chartúir (Camus)
Dara Kelly (Máimín)
Matt Bairéad (Leitir Mealláin)
Séan Mac Donncha (Cumann na Húicéirí)
SéamasJimmy Mac Donncha
Connie Mac Donncha (Ceathrú Rua)
Ciarán Chóil Pheadair Ó Flaithearta
Coiste Oidhreachta na nOileán
Comharchumann Chonamara Thiar
Roibeárd Ó hÉalaí
Noel Pheait Mór agus Coiste TCA
Foireann Áras Uí Chadhain, go mór mhór Michael Barry
Coiste Pobail Chamuis
Jarlath Sweeney (Mayo Triathlon Club)
Orla Sweeney (Mayo Triathlon Club)
Éamonn Ó Conghaile (An Aird Thoir)
James Harold(Co. Co. na Gaillimhe)
Conchúir Ó Muirghíosa (VEC Cho. na Gaillimhe)
Sally Ní Fhatharta(MFG)
Foireann an Bheár i gCamus, Halla Éinne agusl agus i gCill Chiaráin
Seán Ó Cearbhaill, Dlíodóir
Réamann Ó Flatharta,
Karen Kenny,Dámhlann an Spidéi
Joe Steve Ó Neachtain
Pádraig de Bhaldraithe, (Fuaimis)
Peter Phádraig Pheter ÓConghaile
Stiofán Ó Gríofa
Trevor Ó Clochartaigh
Seán ÓhÉinniú
Tanya na Danmhairge
AnCriú agus na ceoltóirí ar "An Fámaire"
Na Moltóirí go léir.
Coiste Halla Éinne
Coiste Choláiste Cholumba
Grúpa Scríobhnóireacht Ban Ros Muc
Na ceoltóirí, na filí, na fonnadóirí a chuir siamsaíocht ar fáil le linn an Phléaráca.
Na filí a léigh a gcuid oibre.
Micheál Ó Meallaigh (Úd. .na Gael.)
Breandán Ó Tuairisg
Peadar Mac Fhlanncha (Conradh naG.)
Bart Arnold agus Karl Walker (TVM)
Na grúpaí cheoil atá ag tógáil páirt i "Gaelcheol Tíre ó Chonamara." agus an criú teilifíse atá dhá thaifeadadh.

Ach go speisialta, tá Coiste an Phléaráca thar a bheith buíoch do thriúr a d'oibrigh ó mhaidin go faoithin, lena chinntiú go néireodh leis an fhéile, siad san KATE NÍ DHONNCHA (TCA), BRÍD NÍ BHIADHA (Leitir Mealláin) agus MAIRÉAD SEOIGHE (Ros Muc).
Táimid thar a bheith buíoch chomh maith do CAOMHÁN Ó SCOLAÍ a dhearadh an póstaer agus na greamaithe cairr; do MANDY & GEARÓID Ó MURCHÚ (An Spailpín Fánach) a rinne na t-léinte.
Is cinnte go bhfuil daoine fágtha ar lár againn. Ní d'aon turas é. Táimid buíoch dóibh síud chomh maith.

Buíochas speisialta le foireann Raidió na Gaeltachta. Buíochas chomh maith le Galway Bay FM , Clare FM, An Galway Advertiser, An Connacht Tribune as poiblíocht agus eolas a thabhairt faoi imeachtaí.

**Urraithe an Phléaráca:**
Seo leanas na heagraíochtaí agus na comhluchtaí gnó a thug urraíocht flaithiúl dúinn le PLÉARÁCA CHONAMARA '94 a reachtáil i mbliana: Roinn na Gaeltachta; Co. Chon. na Gaillimhe; Gael Linn; Comharchumann Chonamara Thiar; Island Ferries (Sally & Paddy O'Brien); Aran Ferries; O Brien Shipping; Aer Árann; Tigh an Táilliúra; Muintearas; Niioclás Ó Conchúir;Cumann Táirgíochta Bradán Teo., An Chisti; Tigh Hughes; An Crúiscín Lán; Tigh Phlunkett; Tigh Mheaic; Tigh Chualáin; Tigh Chlarke & Tigh Mhicó; Bord Soláthar Leictreachais; Cniotáil Ros Muc. Bhí roinnt eile nach raibh socraithe sara ndeachamar i gcló.


**Ceartúchán:**
Tá botúnar lth. 44 i dtábla na bpoinntí do na geallta bád seol. Fuair an ghleoiteog 'Ceol na Mara' 7 poinnte ag Caladh Thaidhg, rud a fhágann go bhfuil 27 poinnte aige anois in áit an 28 atá sa tábla.

Is ag 7.30 pm a thosnóidh seó Mhacnais, Buille Shuibhne agus ní ag 8.00pm mar atá ráite sa chlár anseo.

Fóirne Ban agus ní fóirne measctha a bhéas ag glacadh páirt sa Chomórtas Peile 7 a' taobh ar Pháirc an Mháimín, Dé Satharn 11 Méan Fómhair.

# Clár na hIrise


2 Eagarfhocal
3 Pléaráca (AnScéim Ealaíon Pobail)
4 Toghchán 1969
5 Damhsa ar an Sean Nós
6 Na Boscaí Vótála ó Thoghchán an Údaráis 1994
8 Ceol faoi Lán tSeoil
9 Amárach
11 An focal 'Pléaráca'
13 Aitheasc Tom Phaidí
15 An 'Royal Mail Car'
18 Pádraig 'Ac Coisdeala ón Spidéal
22 Y Moniars na Breataine Bige
23 Gaelcheol Tíre ó Chonamara
24 Imeachtaí Phléáráca '94
27 Oíche Áirneáin i Scoil na hAirde Móire
27 Damhsa ar an Sean Nós, Tigh Sé
28 Oíche Áirneáin i dTigh Pheadair Mhóir
28 Quadriathlon Chonamara
30 An Capall
34 Na Súilleabháin Chróga as Uachtar Ard
36 Amhráin Tom a tSeoige
37 Comharthaí Bóthair na Ceathrún Rua
37 Comhairle Pobail Cheantar na nOileán
38 Peigín agus an Scorach
39 Turas na Breataine Bige
42 Am agus Tráth
44 Sraith na mBád Seol
45 'Arran for a Holiday'
46 Scríbhneoireacht na mBan
49 Tonnta Chonamara -Dán
49 Cumas ag Forbairt
50 Dearcadh Louis Marcus
51 Atlantean
53 Súil le Leader 2



**Cóipcheart:**
Tá cóipcheart ag Pléaráca Chonamara agus ag na húdair ar an ábhair atá foilsithe anseo. Má tá éinne ag iarraidh alt a úsáid in iris eile ba mhaith linn go niarrfaí cead roimh ré ón údar agus ón bhfoireann eagarthóireachta. Sé an gnáth cuirtéis é.


Clúdach: Róisín Ní Mhainnín, damhsóir óg as Ros Muc. Beidh sí le feiscint ag damhsa le linn Pléaráca Chonamara '94. Sé Bob Quinn a thóg an pictiúr ag seoladh chlár na féile in Óstán Chois Fharraige.

EAGARFHOCAL

# *Buailte Gan Nuachtán Gaeltachta*

**Tá sé deich mbliana ó shin ó foilsíodh an chéad eagrán den pháipéar seachtainiúil 'ANOIS'. Bheartaigh Roinn na Gaeltachta i 1984 an deontas a bhaint den dá pháipéar Ghaeilge INNIU agus AMÁRACH, a bhíodh ann ag an am agus tugadh an deontas a bhíodh ag an dá pháipéar sin móide beagán lena chois do Ghael Linn le ANOIS a fhoilsiú.**

Bhí **INNIU** ag tíocht amach go seachtainiúl le 40 bliain roimhe sin agus cé go raibh sé seanaimsearthach agus coiméadach ó thaobh leagan amach agus ó thaobh dearcadh eagarthóireachta ba pháipéar nuachta é a thug aitheantas don Ghaeltacht, cé gur ar nuacht náisiúnta agus ar imeachtaí ghluaiseacht na Gaeilge is mó a bhí sé dírithe. Ba dheacair a shamhlú go mbeadh toghchán Údarás na Gaeltachta ann, gan na torthaí in Inniu an tseachtain d'ár gcionn. Níor tharla mórán i saol na Gaeilge nach raibh tuairisceoireacht déanta air ag INNIU. Ba laochra iad an dream a bhíodh ag plé leis. Chaitheadar an saol ag obair ar bheagán pá don Ghaeilge agus chaith an Rialtas go dona leo ach ní hé sin is cás linn san eagarfhocal seo ach an bealach ar fágadh an Ghaeltacht gan seirbhís nuachtáin.

Páipéar Gaeltachta ab ea **AMÁRACH**. Bhíodh sé dhá fhoilsiú i dtosach ag an eagraíocht **Muintir na Gaeltachta** agus is ar Ghaeltacht Thír Chonaill is mó a bhíodh sé dírithe go dtí gur cheannaigh **Comharchumann Chois Fharraige** an páipéar i 1975. Ceapadh **Pól Mac an Draoi**, nó **Paul Drury** atá anois ina eagarthóir ar leagan na hÉireann den **STAR**, ina chéad eagarthóir ar an bpáipéar agus ón tús bhí an páipéar ag dul isteach i mórán chuile theach i gConamara.

### Cúlchaint

Bhí díolaíocht láidir ag an bpáipéar mar go raibh tuairisceoireacht an-mhaith déanta faoi imeachtaí agus spóirt áitiúil agus níor sheachain an páipéar aon chonspóid. Bhíodh sciob-sceab ar chóipeanna gach Dé Céadaoin le fáil amach céard a bhí i gCúlchaint - colún ina mbíodh corr scéilín barúil agus spalaí dhá gcaitheamh anois is arís le eagraíochtaí agus daoine mór le rá, gan scáth ná faitíos.

San iris seo tá tuairisc tugtha againn ar an díospóireacht phoiblí a bhí ar Amárach nuair a chuir **Joe Steve** in aghaidh **Fintan Coogan** ag speecháil i mBéarla. Le scéal fada a dhéanamh gearr níl aon deis a thuilleadh sa Ghaeltacht seo scéalta atá ag déanamh tinnis dhúinn a phoibliú agus díospóireacht oscailte a dhéanamh fúthu mar nach bhfuil aon pháipéar Ghaeltachta againn agus níl aon chlár ar nós *Bunscéalta agus Barrscéalta* ar Raidio na Gaeltachta ag tíocht ó Chasla a thuilleadh. Tá freastal áirithe dhá dhéanamh ag an bpáipéar míosúil dhátheangach 'Glór Chonamara' ar an nGaeltacht seo agus is iontach an deis bollscoireachta é do eagraíochtaí sa nGaeltacht ní leor é.

Tar éis deich mbliana den pháipéar **'ANOIS'** caithfidh go bhfuil sé soiléir nach bhfuil an páipéar ag freastal ar phobal na Gaeltachta. Níl mórán díolaíocht ar ANOIS anseo, mar nach bhfuil mórán beocht sa pháipéar agus mar nach mbain-eann an páipéar le saol na Gaeltachta.

Tá dhá thoradh an cliseadh an pháipéir 'ANOIS'. Is ar éigean go bhfuil Gaeilge ar bith dhá léamh sa nGaeltacht seo, le hais deich mbliana ó shoin, seachas an méid a léitear sna hirisí áitiúla a fhoilsítear go deonach ó am go ham. Agus níl aon bhealach éifeachtach le eolas a scaipeadh go seachtainiúl sa Ghaeltacht ná le ceisteanna poiblí a phlé.

Is maith ann iad na hirisí áitiúla, a fhoilsítear ó am go ham ach tá locht mór amháin ar na hirisí seo uilig, an ceann seo san áireamh - ní bhíonn aon ghearradh iontu. Seachnaíonn siad conspóidí chomh fada agus is féidir. Tá faitíos orthu aon olc a chur ar pholaiteoirí, ar an Údarás, ar an Roinn, ar an Raidió, (cé gur éirigh linne é sin a dhéanamh bliain amháin). Tá i bhfad an iomarca béime iontu ar an mbéaloideas; na seanlaethanta atá caite; na báid; seanphictiúirí agus gan leath a ndóthain faoin saol mar atá. Tá na hábhair sin tábhachtach cinnte ach is tábhachtaí i bhfad scagadh a dhéanamh ar imeachtaí an tsaoil timpeall orainn. Is deacair é sin a dhéanamh in irisí a thagann amach uair sa mbliain agus atá foilsithe go deonach.

### Eagraíochtaí Nua

Tá eagraíochtaí nua tagtha chun cinn le cúpla bliain anuas - Pléaráca, Meitheal Forbartha na Gaeltachta, Cumas - a bhfuil airgead ón Eorap fáighte acu agus atá ag obair ar son an phobail ach is beag eolais atá ag an bpobal fúthu, seachas an dream beag atá ar na coistí stiúrtha. Na coistí pobail atá ann, i go leor cásanna, is beag eolais atá ag an bpobal fúthu. Ní féidir le gach eagraíocht nuachtlitir dá gcuid féin a chur amach. Ach dá mbeadh nuachtán áitiúil againn bheadh sé an-éasca an pobal a choinneál ar an eolas faoi chéard tá na heagraíochtaí seo ag déanamh agus dhéanfadh sé an pobal Gaeilge seo ó Bhearna go Cárna a chomhdhluthú; scaipfeadh sé eolas ar imeachtaí pobail sa cheantar; chuirfeadh sé brú ar an Údarás agus ar eagraíochtaí eile stáit faoi úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht; thabharfadh sé deis don phobal tuairimí éagsúla a nochtadh agus a scagadh faoi cheisteanna móra an cheantair agus thabharfadh sé cothrom na féinne do imeachtaí spóirte na Gaeltachta.

Ach cé dhéanfas é? Agus an mbeadh cúnamh le fáil ó Roinn na Gaeltachta? Tá an cheist oscailte againn. Bíodh sé faoi dhíospóireacht!





## Pléaráca
*- An Scéim Ealaíon Pobail*

Is gearr anois go mbeidh tús dhá chur le ceardlainn agus cúrsaí éagsúla faoi choimirce an Scéim Ealaíon Pobail Phléaráca. Anuraidh d'éirigh thar cionn leis na ceardlainn éagsúla a bhí ar bun i Ros Muc. Thagadh na mná le chéile sa gCrannóg i Ros Muc. Bhíodh mná ann ó Chamus, ó Chill Chiaráin agus ó Charna chomh maith le mná Ros Muc.

Maidin amháin bhíodh péintéireacht ar bun le **Gwen Wyn**, bean as an mBreatain Bheag a bhfuil togha na Gaeilge aici. Bhí taispeántas breá den obair a rinne na mná faoi stiúr Gwen le feiscint Tigh Clarke, le linn na Cásca. Maidin eile bhíodh **Paul Corbett** ag cleachtadh amránaíochta leis an ngrúpa ban. Bhíodh ceardlann scríobhnóir-eachta chuile seachtain ann faoi cheannas **Mháire Holmes** ón Spidéal. Tá cuid de shaothar na mban le léamh san iris seo. Faoi láthair tá leabhar den scríobhnóireacht a rinne siad dhá réiteach. Bhíodh scileanna físeáin ar bun acu le **Trevor Ó Clochartaigh** agus tá cuid acu ag réiteach físeáin faoi láthair faoi Ros Muc. Dhéanadh **Annie Ní Dhubháin**, steipeanna damhsa a mhúineadh maidineacha eile.

Beidh na ceardlainn do mhná ann aríst i mbliana i Ros Muc, ag tosnú ar an 4 Deireadh Fómhair. Beidh fáilte roimh mhná, nach raibh páirteach sna ceardlainn anuraidh, tíocht isteach i mbliana.

Sí an aidhm atá leis na ceardlainn seans a thabhairt do mhná atá sa mbaile i gcaitheamh an lae, a gcruthaíocht a fhorbairt.

I mbliana tá sé i gceist ag Pléaráca an scéim a leathnú go ceantracha eile, ach éileamh a bheith air. Níor mhór go mbeadh coiste pobail sásta seomra ina mbeadh teas agus compord, a chur ar fáil go rialta.

Beidh Pléaráca ag leanacht leis na ranganna oíche i mbunscileanna físeán aríst i mbliana. Beidh ranganna i Ros Muc, Inis Oírr, Cois Fharraige agus Corr na Móna aríst. Beidh níos mó béime i mbliana ar eagarthóireacht do na grúpaí a rinne an cúrsa anuraidh agus beidh deis ag daoine nua, taithí a fháil ar úsáid ceamara físe.

Ní ranganna amháin a bhíonn ar bun ag an Scéim Ealaíon Pobail. Beidh bus dhá eagrú ag Pléaráca le baill na scéime a thabhairt ag an Oireachtas i nDún Garbháin, tús mí na Samhna agus tá sé i gceist chomh maith grúpa a thabhairt go Gleann Cholmchille ar feadh deire seachtaine, le linn an gheimhridh le foghlaim faoi fhigheadóireacht.

Beidh oícheannta áirneáin dhá eagrú le linn an gheimhridh anseo agus ansiúd agus ar ndóigh th'éis na Nollag, beidh geamaireacht nua dhá réiteach le cur ar an stáitse.

Níl ansin ach cuid dena himeachtaí atá beartaithe againn don gheimhreadh. Beidh níos mó eolas faoi na ranganna agus na ceardlainn, le fáil san chéad eagrán eile de Ghlór Chonamara nó ón eagraí, atá i bhfeighil na scéime, Mairéad Ní Scanláin (091) 74346.

## Teallach Ainnín
*Scéim Tithe na nAosach ar an gCnoc*

Tugann go leor daoine 'Tithe Foyle' orthu ach 'Teallach Ainnín' an tainm ceart atá orthu. Is gearr anois go mbeadh daoine socraithe go compórdach isteach iontu. Scéim tithe don aosach atá iontu, do dhaoine atá amach sna blianta ach ag a bhfuil drochthithíocht faoi láthair. Sé an Roinn Comhshaoil atá ag cur an airgid ar fáil le íoc as togáil na dtithe agus sé Loch Lurgan Teo. – comhlacht neamhbhrabasúil a bhunaigh Comharchumann Shailearna, Cumann Forbartha Chois Fharraige agus Forbairt Pobail Teo. breis is bliain ó shin – atá ina mbun.

Seo mar a tharla. Is ag Pól Ó Foighil a bhí an smaoineamh an scéim seo a thógáil. I dtosach bhí plean aige an scéim a thógáil sa Spidéal, ar talamh a bhí ar chúl scoil na mbuachaillí agus atá i seilbh Easpag na Gaillimhe. Níor éirigh leis an paiste sin a fháil ón Easpag ag an am.

Rinne Pól Ó Foighil teangbháil le Coiste Chomharchumann Chois Fharraige – an comharchumann a bhíodh ag feidhmiú sa gceantar suas go 1984 – mar ba leo an gharraí trasna an bhóthair ó Choláiste

*Ar lean ar leathanach 5*


Micí Ó Flatharta

An Cheathrú Rua, Conamara
Fón: 091-95110

Grósaera, Trádálaí agus Búistéir

· FLO-GAS ·

Go n-éirí le Féile an Phléaráca!

TIGH DURKAN

An Tulach, Baile na hAbhann Teil: 93156

GRÓSAEIRÍ – GÁS
NUACHTÁIN – PÉINT

Go n-éirí le Féile an Phléaráca!

Óstán an Imperial

· GAILLIMH ·

Beár, Bia agus Lóistín

Go n-éirí le Féile an Phléaráca!

# TOGHCHÁN 1969

**"Táimse ag seasamh mar neamhspléach mar go bhfeictear dom go bhfuil an pobal thiar - agus muintir na tuaithe i gcoitinne - rómhór faoi bhois ag polaiteoirí a bhfuil a gcéad dílseacht ag dul do pháirtithe polaitíochta, in áit iad a bheith ag fónamh don phobal a thogh iad an chéad lá. Ní féidir leo leas an phobail a dhéanamh ach sa chás gur ionann sin agus leas an pháirtí. Is minic nach ionann an dá leas."**

B'shin an ghairm toghcháin a d'eisigh Peadar Mac an Iomaire 25 bliain ó shoin agus é ag fógairt a iarrthóireachta in Ollthoghcháin '69. Toghchán stairiúl a bhí ann mar gur bhain iarrthóir Chearta Sibhialta na Gaeltachta, a bunaíodh cúpla mí roimhe sin, creathadh as an tsean-mhúnla polaitíochta i gConamara. Fuair Cearta Sibhialta 1522 vóta ina iomlán sa toghchán sin - dornán beag níos mó ná mar a fuair Michael D. Higgins, a sheas olltoghchán don chéad uair i 1969.

"Rinne Gluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta rud amháin nach ligfear i ndearmad. Chuireadar an chéad chor i nós vótála ceann dena pobail ba chaomhaí sa tír ó thaobh na polaitíochta. Cé go samhlaítear dom uaireanta gur ionann le cuid de na daoine is glóraí i nGluaiseacht Chearta Síbhialta na Gaeltachta, misneach agus easpa béas, is fearr liom iad ann nó as." B'shin mar a chuir Breandán Ó hEithir síos ar na gCearta in alt a scríobh sé san Irish Times i 1975.

Is cinnte nach béasa an tréith ba suntasaí a bhain le Cearta Síbhialta sa feachtas toghcháin i 1969. Diúltaíodh cead cainte ar an gCeathrú Rua do Thaoiseach na tíre, Jack Lynch agus do iarrthóirí Fhianna Fáil go dtí go bhfreagróidís 9 gceist. I measc na gceisteanna bhí na cinn seo leanas:

"Cén fáth ar fhág 5,000 duine an áit ó 1956?

Cár cheap an Taoiseach a bhí an dream idir scór agus dhá scór bliain - i Sasana nó sna garrantaí?

Cad chuige nár caitheadh ach £30,000 le droichead Bhéal an Daingean a dheisiú, droichead atá ag freastal ar 5,000 thiar agus £365,000 á chaitheamh ar droichead Bhéal Inse atá ag freastal ar 1,200 duine?

Cén fáth ar theastaigh ó Fhianna Fáil banaltra a chur isteach sa Dáil in áit dochtúir a chur ar fáil do mhuintir Charna?

Cén fáth a raibh córas leighis níos fearr ann do na hainmhithe in áiteacha ná mar a bhí do na daoine? "

Ar ndóigh níor freagraíodh na ceisteanna agus thug sin leithscéal do lucht leanúna Mhic an Iomaire, cead cainte a dhiúltú don Taoiseach, Jack Lynch agus dona iarrthóirí a bhí in éindí leis. "Bhí cead cainte le fáil ag na hiarrthóirí dá dtugfaí geallúint go bhfreagrófaí na ceisteanna" a scríobh Ruaidhrí Ó Tuathail in INNIU an tseachtain d'ár gcionn. Mar bharr ar an donais polladh carr an Taoisigh i mBaile na hAbhann, ar a bhealach aniar ón gCeathrú Rua. Duine de chuid Sinn Féin as Béal Átha an Slua a bhí tagaithe go Conamara le cúnamh a thabhairt do Pheadar Mac an Iomaire sa bhfeachtas, a scaip táirní ar an mbóthair in aice le Tigh Johnny Sheáin roimh carr an Taoisigh. Is ar Chearta Sibhialta a cuireadh an locht.

Tá polaitíocht poiblí tréigthe le fada ag Peadar Mac an Iomaire agus ag formhór na ndaoine a bhí gníomhach le Cearta Sibhialta sa bhfeachtas i 1969. Tá beirt nó triúr acu imithe leis na páirtithe polaitíochta. Is beag páirt a thóg éinne acu i bhfeachtas an Údaráis le gairid th'éis go raibh Seosamh Ó Cuaig, duine dena daoine ba ghníomhaí i gCearta Sibhialta, ag seasamh an fhóid ar son na heagraíochta, Cumhacht.


Seosamh Mac Eoin ag canbhasáil vóta ó Mhaggie Diranne ar Inis Mór 1969


Jack Lynch





# *Damhsa ar an Sean Nós*

De réir a chéile tá an damhsa ar an sean nós ag fáil aitheantais. Dúradh gur chuir 'Riverdance', an damhsa le linn Chomórtas Amhránaíochta Eurofíse 'sex' ar ais i ndamhsa traidisiúnta. Aithníodh san Irish Times go bhfuil stíl damhsa Mhichael Flatley, le fáil anseo i gConamara agus go bhfuil baint nach beag ag 'Pléaráca Chonamara' lena chur chun cinn.

Ag Comhdháil Idirnáisiúnta i mBéal Feirste i mí Aibreáin, léigh Helen Corcoran ó Dhroichead Átha páipéar fíor spéisiúil faoi dhamhsa ar an sean nós.

Deineann sí an dá stíl a chur i gcomparáid ar an gcaoi seo:

| SEAN-NÓS | DAMHSA FOGHLAMTHA |
|---|---|
| Most steps are danced in place. Good dancers are said to be able 'to dance on a plate'. | Rapid and extensive floor movements. The dancer must cover as much of the floor/stage as possible. |
| Erect but relaxed. Swaying movements of the body to left or right may be used. Arms are held loosely but may occasionally be raised shoulder high or even higher. The Conamara region would seem to be the only area where this older feature survives. | Rigid, arms held stiffly by sides. |
| 'Flat-footed' stepping, generally close to the floor except for special flourishing kicks. Greater use of heel-and-toe and stamping. Dancers usually develop their own repertoire of steps and each dancers' performance will be highly individualistic. | Dancer moves on the ball of the foot, the heel does not touch the floor except in the execution of certain movements such as the drum. Steps have become progressively more complex and dense i.e. increasing number of movements per bar, with consequent marked slowing of the accompanying tune tempo. Steps are complex and codified and new steps are constantly invented by teachers and virtuosos. A dancer will tend to reproduce each step in performance exactly as it was transmitted. |
| As fast, if not slightly faster than similar tune played for group social dances. Dancers will often favour a specific tune for their performance and will demand it from the musicians before they begin. | Much slower than a similar tune played for group social dances. The music has become progressively slower to accommodate the increasing density of steps....., in order to impress an adjudicator. |
| Leaming is very informal, the elements of the dance being acquired in the home or in the community generally. Performance is still generally informal and spontaneous, except for the recent development of competitions but these also have a great air of informality about them. Prior to the advent of competitions this style was male dominated. Nowadays competitions are often won by women but they still constitute a minority of participants. | Leaming is extremely formal and codified in a dancing class where the teacher is a much decorated champion in this style. Great financial investment is needed in ornate 'Celtic' costumes and specially constructed footwear.<br><br>Performance is confined to competitions and special exhibitions. The overwhelming majority of the teachers are female and the majority of the dancers are girls. |

## *Teallach Ainnín*

*ar lean ó leathanach 3*

Lurgan i gcónaí. Ach bhí airgead ag dul do Bhanc na hÉireann ó Chomharchumann Chois Fharraige agus aon airgead a thiocfadh de bharr díol an gharraí, is ag an mbanc a bheadh sé. Socraíodh praghas réasúnta leis an mbanc agus díoladh an suíomh le Loch Lurgan Teo, comhlacht nua a bunaíodh go speisialta don tionscnamh seo, le bord déanta suas de bheirt ionadaithe ó Chumann Forbartha Chois Fharraige, beirt ó Chomharchumann Shailearna agus beirt ón gcomhlacht Forbairt Pobal Teo.

Sé an tAth. Ó Flannabhra, sagart paróíste An Chnoic, a toghadh ina chathaoirleach ar an gComhlacht nua, agus Pól Ó Foighil ina Rúnaí. Seo leanas na daoine eile atá ar bhord Loch Lurgan Teo:
Breandán Ó Tuairisg, Pádraig Willy Ó Fatharta, Aodán Mac Donncha, Donncha Ó hÉallaithe agus Sorcha Ní Dhonncha.

Beidh na tithe nua dhá oscailt go hoifigiúl ag an Aire Leas Sóisialaigh, Michael Woods ar an Luan, an 3 Deireadh Fómhair. Ach roimhe sin beidh troscán le cur iontu agus ní íocann an Roinn Comhshaoil aon airgead as troscánú na dtithe. Tá sé i gceist ag Cumann Forbartha Chois Fharraige siúlóid urraithe 10km a eagrú ar an Domhnach an 2 Deireadh Fómhair ó Halla na Tulaí aniar chomh fada le Teallach Ainnín, áit a bheidh tae agus ceapairí ar fáil do lucht na siúlóide. Iarrfar ar chuile dhuine a bheas ag siúl urraíocht a bhailiú roimh ré. Beidh cártaí urraíochta dhá dháileadh sna scoileanna áitiúla, ag Teach an Phobail agus sna siopaí áitiúla an tseachtain seo chugainn.

Tabharfaidh an tsiúlóid seo seans do chuile dhuine sa phobal, cúnamh a thabhairt san tionscnamh pobail seo. Is scéim é seo ar féidir leis an bpobal a bheith bródúil as agus is léiriú an-mhaith é ar an toradh a bhíonn ar chomhoibriú idir na heagraíochtaí pobail san áit. •

TIGH HENRY
AN DROIM, LEITIR MEALLÁIN
Teil: 091-81106
Beár, Ceol & Craic
–Seirbhís Sochraide–
Go n-éirí go geal leis an bPléaráca

An Crúiscín Lán
AN SPIDÉAL
*Beár – Bia na Mara*
*Ceol & Craic*
091-83148

## Toghchán Údarás na Gaeltachta 1994 – Na Boscaí Vótála

| | Ó FOIGHIL Bainín | BREATHNACH Cristóir | Ó CINNÉIDE Micheál | Ó COSCARA Pádraic | Ó CUAIG Seosamh | Ó CURRAOIN Tomás | HALLIDAY Jack | NÍ FHATHARTA Connie | Ó CUINN Tadhg |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | *FG* | *PD* | *Lab* | *N/spleach* | *Cumhacht* | *SFP* | *PD* | *FF* | *FF* |
| **Taobh Thoir de Ghaillimh:** | | | | | | | | | |
| Lisin | 3 | - | - | 1 | 1 | 1 | 3 | 1 | 3 |
| An Creg Mór | 10 | - | - | - | 4 | - | - | - | - |
| An Carn Mór | 58 | 7 | 2 | 2 | 12 | 39 | 8 | 74 | 2 |
| Baile an Cháir | 128 | 19 | 20 | 5 | 23 | 15 | 30 | 170 | 12 |
| Anach Chuain | 76 | 13 | 21 | 5 | 26 | 22 | 33 | 85 | 18 |
| Brierhill | 26 | - | 1 | - | 3 | 9 | 4 | 8 | 6 |
| An Caisleán Gearr | 14 | 5 | 4 | 2 | 6 | 5 | 8 | 12 | 3 |
| **Iomlán** | **315** | **44** | **48** | **15** | **75** | **91** | **86** | **350** | **44** |
| **Imeall na Gaillimhe:** | | | | | | | | | |
| Páirc na Sceiche | 22 | 1 | 3 | 1 | 6 | 10 | 24 | 33 | 4 |
| Buaile Beag | 34 | 1 | 1 | - | 7 | 21 | 17 | 37 | 3 |
| Bearna 1 | 14 | - | 3 | - | 11 | 14 | 10 | - | 4 |
| Bearna 2 | 67 | 5 | 18 | 2 | 23 | 65 | 54 | 29 | - |
| Forbacha | 75 | 2 | 14 | - | 35 | 71 | 69 | 16 | 7 |
| **Iomlán** | **212** | **9** | **39** | **3** | **82** | **181** | **174** | **115** | **18** |
| **Ceantar Mhaigh Chuilinn:** | | | | | | | | | |
| Baile Nua | 26 | 1 | 2 | - | 16 | - | 1 | 23 | 3 |
| Tulach Uí Chadhain | 10 | 3 | 2 | 2 | 2 | 3 | 11 | 6 | - |
| Maigh Cuilinn | 129 | 3 | 29 | 4 | 65 | 34 | 177 | 102 | 4 |
| **Iomlán** | **165** | **7** | **33** | **6** | **83** | **37** | **189** | **131** | **7** |
| **Ceantair Ghaeltachta:** | | | | | | | | | |
| Spideál 1 | 125 | - | 12 | 1 | 36 | 34 | 7 | 34 | 1 |
| Spideál 2 | 144 | 2 | 6 | 2 | 25 | 21 | 9 | 56 | 1 |
| Scoil Saileama 1 | 188 | - | 9 | - | 34 | 6 | 1 | 24 | 3 |
| Saileama1 | 99 | 2 | 7 | - | 45 | 6 | - | 27 | - |
| Saileama3 | 112 | - | 3 | 2 | 42 | 6 | 2 | 22 | 1 |
| Ieamhchoill | 17 | 2 | 2 | 0 | 3 | 7 | 3 | 18 | 1 |
| An Tulach | 55 | - | 15 | - | 18 | 3 | 1 | 51 | 3 |
| Ros A Mhíl | 58 | - | 4 | 1 | 39 | 1 | 1 | 111 | 3 |
| Inis Meáin | 24 | 1 | 1 | 1 | 26 | 1 | - | 16 | |
| Inis Oirr | 68 | - | 7 | 1 | 17 | 3 | - | 16 | - |
| Cill Ronáin | 58 | 6 | 7 | 1 | 37 | 4 | 4 | 30 | 3 |
| Fearann a' Choirce | 32 | 2 | 1 | 2 | 60 | 2 | 4 | 27 | - |
| An Cheathrú Rua 1 | 59 | - | 3 | - | 60 | 5 | - | 86 | 1 |
| An Cheathrú Rua 2 | 20 | - | 2 | - | 47 | 1 | - | 116 | - |
| An Cheathrú Rua 3 | 44 | 1 | 8 | 2 | 76 | 5 | 1 | 173 | - |
| An Tuairín | 33 | - | - | - | 10 | - | - | 60 | 2 |
| Leitir Móir | 57 | - | 1 | 1 | 99 | - | 1 | 65 | 4 |
| Tir an Fhia 1 | 31 | 1 | 1 | - | 47 | 1 | - | 37 | 2 |
| Tir an Fhia 2 | 49 | - | - | 1 | 47 | 1 | - | 57 | 1 |
| Leitir Mealláin | 49 | - | - | 1 | 27 | 1 | - | 7 | 4 |
| Camus | 18 | 5 | 3 | - | 36 | 1 | - | 74 | 5 |
| Gort Mór, Ros Muc | 4 | 23 | 1 | - | 39 | 1 | 0 | 10 | 1 |
| Turlach Beag, Ros Muc | 4 | 76 | 2 | - | 23 | - | - | 22 | - |
| Loch Con Aortha | 3 | 3 | 4 | - | 21 | - | - | 13 | - |
| Aird Mhóir | 7 | 1 | 15 | 2 | 176 | 1 | - | 34 | 6 |
| Teach an Údaráis | 18 | 2 | 7 | - | 81 | - | - | 38 | 6 |
| Ard Thiar | 14 | 2 | 1 | 3 | 112 | 1 | - | 39 | 3 |
| Glinsce | 2 | - | 1 | - | 30 | 1 | 1 | 1 | 1 |
| Caiseal | 6 | 2 | - | 1 | 12 | - | - | 6 | 1 |
| Doire Bhó Riada | 2 | 2 | - | - | 9 | 1 | - | 11 | 2 |
| An Cloch Breac | 8 | - | 1 | 2 | 21 | 1 | - | 18 | 2 |
| Corr na Móna | 34 | 1 | 16 | 1 | 54 | 4 | - | 64 | 6 |
| An Fháirche | 53 | 8 | 21 | 7 | 19 | 3 | 3 | 72 | 7 |
| **Iomlán** | **1495** | **142** | **161** | **32** | **1428** | **122** | **38** | **1435** | **70** |
| **Cathair na Gaillimhe** | **470** | **74** | **173** | **36** | **236** | **102** | **302** | **392** | **62** |
| **Móriomlán** | **2657** | **276** | **454** | **92** | **1904** | **533** | **789** | **2423** | **201** |

*Tá na torthaí seo bunaithe ar na tallies a tógadh ag an gcomhaireamh i nGaillimh. Níor deineadh aon tallies a thógáil i gCo. na Mí nó i gCo. Mhuigheo go bhfios dúinn. Tá muid buíoch do Pháirtí an Lucht Oibre as tallies na Gaillimhe a chur ar fáil dhúinn.*






**CUMAS TEO**

Ionad Fiontair, Ros Muc, Co. na Gaillimhe
Guthán: 091-74353 Facs: 091-74353

*Páirtíocht idir daoine, coistí, eagraíochtaí stáit, lucht gnó agus daoine dífhostaithe i nGaeltacht Chonamara, Árainn agus Deisceart Mhuigheo chun cuidiú le Forbairt Pobail agus Forbairt Áitiúil a bhainfeadh amach na haidhmeanna seo dár gceantar ...*

**Áit** inar féidir le daoine marachtáil go compórdach ag labhairt a dteanga dúchais, le seirbhísí, obair agus caitheamh aimsire.

**Obair** shásúil a bheith ar bun i rith na bliana ar fad

**Cumas, cothromaíocht, smacht agus cumhacht** ag na daoine a mhaireann san áit ar chinnithe a dhéantar faoi fhorbairt an cheantair.

**Dóchas**: Go bhfeicfí gur féidir é seo a bhaint amach

**SIN SIN**

TEORANTA

CILL BHRIOCÁIN, ROS MUC, CO. NA GAILLIMHE
091-74349

TREVOR Ó CLOCHARTAIGH,
STIÚRTHÓIR/LÉIRITHEOIR

*Feicfimid ag an bPléaráca sibh!*

COMHAIRLEOIREACHT CUMARSÁIDE AGUS EALAÍONA
CLÁRACHA TEILIFÍSE
FÍSEÁIN CORPARÁIDE
RANGANNA FÍSEÁIN
COMHAIRLE DRÁMAÍOCHTA
FÍSEÁIN PHRÍOBHÁIDEACHA
CÚRSAÍ TRAENÁLA

*Go n-éirí go geal leis an bPléaráca*

**Muintir Uí Dhomhnaill**

**Siopa & Teach Aiochta**

An Cheathrú Rua

Fón: 95216

**TIGH PHROINSIAS**

AN SPIDÉAL
OIFIG AN PHOIST
SIOPA SPAR
CRUAEARRAÍ & EARRAÍ GRÓSAERA
FÓN: 83728
GO N-ÉIRÍ GO GEAL LEIS AN BPLÉARÁCA!

**The Twelve Pins**

**Beáranna • Bialann**
**Áiseanna Sóisialta**
**Seomra Cruinnithe**
**Bia na Mara & Á la Carte**

Muintir Lawless
Teil: 091-92368/92485/93041

**Óstan na Páirce**

AN SPIDÉAL
Teil: 091-83159 Facs: 091-83494

Dod Bhainis nó Chóisir

Gach eolas ó Seán nó Gearóidín Ní Fhoighil

# Ceol Faoi Lán tSeoil

Ag tosnú ar an Aoine seo chugainn i gCill Chiaráin, beidh an bád nua "An Fámaire" ag seoladh ó chéibh go céibh ar feadh cúpla lá, le naonúr ceoltóir den scoth ar bhord. Tá an turas seo, "Ceol Faoi Lán tSeol" eagraithe mar chuid de "Pléaráca Chonamara '94" agus tá urraíocht dhá dhéanamh ar an dturas ag "Gael Linn".

Seo leanas na ceoltóirí a bheas ar an mbád: Flan Fox (Feadóg); Maureen Fahy (Fidil); Chris Kelly (Guitar); Eiis Egan( Bosca Ceoil); Bríde agus Cora Smith (Fidil); Jim Higgins (bodhrán); Micheál Kenny(banjo) agus a bhean Jackie (amhránaí).

Beidh siad ag casadh ar an Aoine i Halla Chill Chiaráin, tar éis an oscailt oifigiúl; ar an Satharn beidh siad sa Spidéal. Ar an Domhnach beidh siad ag seoladh isteach go Inis Oirr in éindí leis na Báid Móra is na Leathbháid eile. Ceaptar go mbeidh siad ag tabhairt cuairt ar Inis Meáin, Inis Móir, Ros Muc chomh maith sar a gcuireann siad deire leis an dturas.

Bhí an cuid is mó dena cheoltóirí seo ar "Ceol Tigh Neachtain" an C.D. agus an caiséad iontach a chuir Gael Linn amach tamall ó shoin. Is cinnte go mbeidh cuid den cheol bríomhar céanna le cloisteál uathu sna hionaid éagsúla ina mbeidh siad ag casadh. Beidh fáilte roimh ceoltóirí áitiúla, casadh in éindí leo, áit ar bith a bheas siad.

Go n-éirí go geal leis an bPléaráca



hofna flús teo Casla, Conamara 091 72550

Tigh Neachtain

AN TSRÁID TRASNA



LÓN AR FÁIL Ó 12.30–2.30PM
BIALANN AR OSCAILT LUAN GO SATHARN
7.00–10.00PM
Teil: Bialann 091-66172 Beár 091-68820

CEOL TIGH NEACHTAIN

Go n-éirí go geal le Pléaráca '94

An Púcán

Sráid Forster, Gaillimh Teil: 091-61528

Bricfeasta agus Bia ón Beár ar fáil i gcaitheamh an lae
Lón: 12 - 3pm

Ceol Traidisiúnta agus Craic

J. Walsh MPSI
Cogaslann
An Spidéal
Teil: 091-83201





# AMÁRACH

## Nuair a labhair Fintan Coogan Béarla agus é ag speecháil sa Spideál

**Bhíodh toghcháin go minic ann i dtús na hochtaidí agus an rialtas dhá athrú chomh minic is a d'athrófá léine. Dúisíodh conspóid teangan in Amárach le linn an fheachtais don tarna toghcháin i 1982 nuair a cuireadh i gcló an litir seo ar eagrán an 19 Samhain 1982:**



Joe Steve Ó Neachtain

*A chara,*

*Tar éis Aifreann a deich maidin Dé Domhnaigh seo caite sa Spidéal, bhí Fintan Coogan, urlabhraí de chuid Fhine Gael ag labhairt i mBéarla leis an slua. Chaill mé an cloigeann agus dúirt mé leis go mba chóir dho náire a bheith air... Dúras go mbeinn sásta éisteacht leis dhá labhródh sé i nGaeilge. Dúirt sé ar ais liom go raibh Gaeilge aige agus go labhródh sé í dhá dtogródh sé fhéin é. Thug muid cúpla focal sách olc dhá chéile agus ansin d'imigh chaon nduine againn ina bhealach fhéin...*

*Ar fhaitíos aon mhíthuiscinst, ní mór dhom a rá nach bhfuil rud ar bith pearsanta agam in aghaidh Fintan Coogan... Sé an rud céanna a dhéarfainn le urlabhraí ó aon pháirtí eile sa gcás.*

*Go deimhin ní cás le polaiteoirí amháin é. Is rí-mhinic a chastar daoine orm atá páirteach ar bhealach amháin nó ar bhealach eile i bhforbairt na Gaeltachta agus gur Béarla a bhíonn cuid acu á usáid. Níl a fhios agam ar cheart iad a chur as na sandals nó nach ceart...*

*Ar mhiste le duine ar bith ar suim leo an scéal scríobh chuig an bpáipéar seo roimh an gcéad eagrán eile agus a rá go raibh mé ceart nó mícheart. Mar a léirítear aon tsuim sa gcás nó má léirítear dhom go raibh mé mícheart, beidh mé ag gabháil leithscéil go poiblí le Fintan Coogan agus ní chuirfidh mé mo ladar i ngraithí den tsórt seo feasta."*

*Joe Steve Ó Neachtain.*

**B'é seanFhintan a bhí i gceist agus é ag cuartú vótaí dá mhac Fintan óg, atá anois ina Mhéara ar Ghaillimh agus a bhí ag seasamh toghcháin don chéad uair Samhain 1982. Bhí Pól Ó Foighil mar chomhiarrthóir ar thicéad Fhine Gael aige. San eagrán céanna de pháipéar bhí an méad seo faoin scéal sa gcolún 'Cúl-chaint'.**

*"Bhí seanFhintan sa Spidéal Dé Domhnaigh ag speecháil i mBéarla agus cuireadh isteach air. Ach níl sé de cháil ar sheanFhintan an focal deiridh a fhágáil ag 'heckler' ar bith agus d'fheagair sé Joe Steve: **"I'll speak Irish when I like and I don't have to be paid for it."***

Bhí Joe Steve ar dhuine de bhuíon as Gluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta a chur isteach cheana ar sheanFhintan i 1969 taobh amuigh de Sheipéal an Chnoic i gCois Fharraige. ***'I shoed horses for yer grandfathers and haven't been paid for it yet,'*** dúirt Fintan leo.

An tseachtain dár gcinn bhí **Amárach** ag cur thar moill le litreacha tacaíochta do sheasamh Joe Steve.

### Litreacha Tacaíochta

*"Is cuimhneach liomsa go maith os cionn leathchéad bliain ó shin agus an bóthar ina reolach a gabháil isteach sa gCéarta sin ag cur suas géarú nó táirní seaca. Bá dhaor géar an géarú é agus an táirne seaca nuair a bhíodh an ceann deiridh barrtha ag an ngabha.*

*Thógfadh sé ar pholaiteoir bréagach, bréan, sean-simeálacha í a tharraingt as cré na cille atá thart le trí scóir bliain agus aithis a chaitheamh le buachaill óg macánta mar Joe Steve"*

– Tom Phaidí Mac Diarmada



Tom Phaidí Mac Diarmada

(Thíos) SeanFintan Coogan (nach maireann) ag sodar i ndiaidh Aire na Gaeltachta an ama, Tom O'Donnell



# AMARACH



Ciarán Ó Féinneadha

"An t-aon rud a déarfainn ná 'fair play' do Joe! Is trua nach bhfuil eagraíocht nó páirtí polaitiúil ag muintir na Gaeltachta mar a bhí Gluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta chun ceannasaíocht a thabhairt i gcás mar seo.
Mar eolas do Joe agus dod léitheoirí, bhí raic ag Séipéal an Spidéil i 1966 faoin rud céanna."

*Ciarán Ó Féinneadha*

"Tar éis na mblianta is bocht an scéal é mara bhfuil gach páirtí polaitíochta in ann duine a fháil le labhairt dóibh i nGaeilge sa Ghaeltachta agus is dona an dream a d'éisteodh leo ag plubaistéireach Béarla gan cur ina n-aghaidh."

*P.M. Ó Ciardha agus Cáit Bn Uí Chiardha:*

"Thaispeán an seasamh a thóg Joe Steve ar son na Gaeilge ag geata shéipeál an Spidéil coicíos ó shin go bhfuil corrdhuine fágtha fós le cur in aghaidh marú na Gaeilge go poiblí...

"Tá daoine agus forais ag déanamh níos mó dochair don Ghaeilge sa nGaeltacht ná mar a d'fhéadfadh polaiteoir a dhéanamh le bheith ag Béarlóireacht ag geataí séipéal chuile Dhomhnach an chuid eile dá shaol. Níl seirbhís trí Ghaeilge ar fáil d'othair na Gaeltachta in ospidéil Bhord Sláinte an Iarthair. Tá daoine ar bheagán Gaeilge fostaithe ag an mBord céanna sa nGaeltacht.

"Is i mBéarla atá ar chailíní Gaeltachta beannú do dhaoine a chuireann glaoch gutháin ar mhonarchain de chuid Údarás na Gaeltachta i gConamara.

"Nach aisteach go bhfuil an Ghaeltacht ag cúngú agus an Ghaeilge ag dul ar gcúl i stát a bhfuil gach uile pháirtí polaitíochta ar a son.

"Tá na hardfheidhmeannaigh atá ag déileáil leis an nGaeltacht stálaithe agus ní cheapfar aon duine ina n-áit go mbeidh na daoine sin cosúil leis na ceanna a tháinig rompu"

*Peadar Mac an Iomaire:*

"An mian le Fintan Coogan nach mbainfí úsáid as an 'ritual cúpla focal' ach ag tús agus ag deireadh oráide, go fiú sa nGaeltacht, agus gur i mBéarla a dhéanfaí an chuid tábhachtach den chaint? Ní bheadh sé macánta, áfach, gan aguisín a chur leis an méid sin. Níorbh fhiú le Fianna Fáil iarrthóir Gaeltachta a chur chun cinn i mbliain seo de Valera. Maidir le Lucht Oibre céard í gnáth theanga oibre craobh an Spidéil den Pháirtí? Níor airigh muid Jimmy Brick, Páirtí na nOibrithe ar Raidió na Gaeltachta fós - fear a bheadh ag freastal ar an gceantar is mó Gaeltachta sa tír dá dtoghfaí é.

Ná déanaimís dearmad gur dhúirt ionadaí tofa leis an bpáirtí céanna, Proinnsias de Rossa, ar chlár Today Tonight nár cheart airgead a chur amú 'building factories on rocks in the wilds of Connemara."

*Gearóid Mac Eoin, Bearna*
*Pádraig Ó hAoláin, Na Forbacha*
*Tomás Ó Neachtain, An Spidéal*
*Séamas Ó Fátharta, An Cnoc*
*Máire Ní Fhaoláin, Ros a' Mhíl*
*Máirtín Ó Conghaile, Doire Né*
*Pádraig Ó Cosgardha, Cárna.*

COMHARCHUMANN CONAMARA THIAR Tta

Cill Chiaráin 095-33436
Ros Muc 091-74341

STÓR AN CHOMHARCHUMAINN
Ábhar Tógála agus Feirme

SIOPA AN PHOBAIL

FORBAIRT POBAIL

Go nÉirí go Geal leis an bPléaráca

AIB
Bank

Banc Aontas Éireann
An Cheathrú Rua
Teil: 95218

Ar Oscailt:
Luain; Déardaoin; Aoine
10.30-12.30pm
1.30-3pm

Go n-éirí go geal le Pléaráca Chonamara!





*Is minic an cheist dhá chur orainn 'céard is ciall le PLÉARÁCA'. Seo mír a chuir an saineolaí ar chiall focal, an tOllamh Tomás de Bhaldraithe chugainn.*

# An Focal 'Pléaráca'

## – céard a chiallaíonn sé?

Cé go bhfuil cáil ar na Gaeil mar dhream spóirtiúil spraíúil, is minic a théann siad i muinín na bhfocal iasachta agus iad ag caint ar chúrsaí caitheamh aimsire. Iasachtaí is ea ***craic, géim, spraoi, teidhm*** agus ***pléaraca*** féin, dar liom. Focal é **Pléaráca** atá sa teanga le os cionn dhá chéad bliain go leith. Tá sé in amhráin ag na Connachtaigh **Aodh Mac Gabhráin** (tmp. 1720) agus an **Cearbhallánach** (1670-1738), agus ag na Muimhnigh **Seán Ó hUaithnín** (1688- ?) agus **Tadhg Gaelach Ó Súilleabháin** (1715-1795).

Bhíodh deacracht ag baint lena litriú, rud ba mhinic i gcás focal iasachta. Seo cuid de na hiarrachtaí a chonaic mé féin i lámhscríbhinní ón 18ú nó ón 19ú haois de chuid Acadamh Ríoga na hÉireann: ***playráca, pleidhraca, pléidhráca, pléaraca, plearaca, plaraca, pléarácha, pléaráca, pléaracha, pléireác, plé-ráca.***

Cén focal Béarla a thug *pléaráca* dúinn? Mheas **T.S. Ó Máille** gur ó ***'flagary'*** nó ***'flegery'***, leaganacha canúnacha den Bhéarla ***'vagary'*** a tháinig sé (fch. Éigse 9 lth.151). Ní fhéadfaí teacht leis an tuairim sin ó thaobh na céille ná na fuaime. Measaim gur ón mBéarla ***'play reaks'*** é. *"Pranks, wanton or riotous tricks or practices. Chiefly in phrase 'to keep or play reaks' (very common in 17th. century)'* an míniú atá ag foclóir Oxford faoin bhfocal ***'Reaks'***. Dá réir sin tá ciall ***'to play reaks'*** cóngarach go maith don chiall a thug **Eoghan Ó Comhraí**, an ríscoláire Gaeilge, ar ***'pléaráca'*** mar leanas:

*"Whatever the word **'pléaráca'** occurs in any song or rhyme of the last hundred years, it is the sense of an abandonment to drinking, dancing. singing or love-making etc., carried out in all imaginabale riotous and reckless gaiety and was no doubt looked upon as the ball of the time then passing."*

Agus cé déarfadh nach bhfuil sin cóngarach go maith do chiall amháin den fhocal i gcaint Chonamara? Ciall eile leis is ea 'súgradh ag gasúir óga', ciall atá i gConamara agus i gCiarraí. D'fhéadfadh an pléaráca a bheith ina achrann is ina rúcam freisin i gConamara agus i dTír Chonaill (e.g. 'Cia a thig isteach i lár an phléaráca ach an Sagart Ó Gallchobhair ... Stad an troid.' Indé agus Indiu, S Mac Meanman, lch. 12). Casadh eile a bhaintear as an bhfocal is ea é a thabhairt ar dhuine. Is 'cábaire rascánta meargánta' nó 'rágaire a mbíonn tóir aige ar dhamhsaí go maidin é' i dTír Chonaill; ach is duine aerach díchéillí a bheadh ina cheap magaidh' é i gCorcaigh agus i Maigheo.



Rang Ealaíne i gColáiste Lurgan i 1982 leis an ealaíontóir cáiliúl Richard Ward.



Mairéad Ní Chonghaile, Máirín Ní Fhéinne, Bernadette Ní Mhuirí (moltóir), Bríd Ní Churraoin, agus Bernadette Ní Chonghaile ag ócáid in Óstán na Páirce nuair a roghnaíodh Banrion na Féile mar chuid de Fhéile na gCurachaí ar an Spidéal.

*Gabh i leith go Cois Fharraige álainn!*

**Cósta Chonamara Teo.,**
Comhlacht Forbartha Turasóireachta
An Spidéal, Co. na Gaillimhe
Guthán: 091-83857
Facs: 091-83587

*Go n-éirí go seoigh le Pléaráca '94*

**FORBAIRT POBAIL TEORANTA**

**An Spidéal**

*Go n-éirí go geal le Pléaráca Chonamara!*

Pól Ó Foighil
Teil: 091-83480





***Rinne Tom Phaidí Mac Diarmada an píosa cainte seo nuair a d'oscail sé Féile na gCurachaí sa Spidéal i mbliana.***

# *Oscailt Féile na gCurachaí An Spidéal '94*

Tom Phaidí Mac Diarmada



**Ní feasach mé fhéin go bhfaca mé riamh agus mé ag éirí suas i mo ghasúr aon rasaí, ná aon gheallta curachaí ná báid mhóra thart ar cheantar Chois Fharraige le linn m'óige. Ní shin le rá nach raibh neart acu ann. Bhí agus go leor acu ann ar chuile bhaile den limistéar agus dalladh curachaí agus foirne fear osgardha, dalbaí, có-láidir, có-ábalta, le iad oibriú agus a úsáid.**

Bhí dhá theach dhéag 's fiche thíos ar an tsean-tsráid sa Lochán Beag agus curach i mbeagnach chuile theach acu sin. Bhí cuid mhaith den oiread céanna curachaí ar an mbaile taobh thiar agus dhá réir sin ar an mbaile taobh thoir ag muintir Dhonnachú, muintir Fhátharta agus ag muintir Thuathail ar an mbaile thoir sna hAille.

Bhíodh an méid sin curachaí ar fad as cnáimh-éadan a chéile ar a mine-ghéire aimsir Earraigh chuile rabharta ó Lá'l Bríde go dtí lá buí Bealtaine mar bheadh tine ar an gcraiceann ag baint fheamainne le coráin agus le croisíní amuigh ar Charraig a' Mhatail 's ar na carraigreacha eile bhí tamall amach ón gcladach agus ar na mulláin dhoimhne. Na curachaí sin ar fad ag teacht ina scuaidiríní i ndiaidh a chéile le casadh na taoille agus ag stríocadh sna caltaí le tír 's iad lochtaithe thar maoil fhad is thuill slám nó dosán iontu, líonta suas go dtí pluic a dhá mása agus mar sin a bhídis go dtí deireadh Aibreáin agus an lá fada le tús séasúir agus aimsir na h-iascaireachta.

Ní raibh aon chaint ar rásaí ná geallta an uair sin ar muir ná ar tír, ach ní shin le rá nach dtagadh anois 's arís nuair a bhíodh trí nó ceathair de churachaí ag teacht abhaile ndiaidh chéile go leagfaí ar na maidí nó go mbeadh sé ann, an fhéachaint láidir chrua as sin amach go dtí deireadh an chúrsa. Fiú 's na gliomadóirí nach mbíodh a gabháil i bhfad amach i bhfarraige ach ó 5 feá go dtí 15 feá. Théadh siad an uair sin siar chomh fada le Coradh an Chaisleáin nó b'fhéidir Coradh Ard a' Chú, agus soir go dtí céibh an Spidéil, agus chomh fada leis an sean-chéibh, go dtí coradh thoir na Dúiche Móire, nó soir chomh fada le Caladh an Spriogadáin, ag tarraingt potaí gliomach agus b'fhéidir go minic gurbh í an tarraingt fholamh bhíodh acu ach a' cur baoití úra sna potaí aríst agus iad a chur amach aríst ar ais ag iascach. Chaitheadh an gliomadóir bheith ina shuí go fíor-mhoch ar maidin, go minic roimh an lá agus mura mbeadh an lá in araíocht is amuigh a chaithfí a bheith.

Ba í an ghliomadóireacht an obair ba mheasa, ba throime, ba chruaichte, agus ba í an obair ba thiarálaí, ba shraimlí, ba ghoralaí dá b'fhéadfadh a bheith ar aon iascaireacht eile farraige. Ba ar chorr-uair go dtarlódh ar mhí-chaoi nó ar mhí-dheis eicínt go mbeadh ar an ngliomadóir bocht déileáil le útamáil choraíle na farraige, dá n'éireodh maidhm ghuagach nó fág-storánach de ghrua-stramhsach mulláin go tobann a chuirfeadh de dhroim seoil é le iompú do bhoise.

Ní ró-mhinic fhéin a bhíodh an téisglim ná luain na hoibre ró-ghorálach nuair a bhíodh an lá maith go leor agus an aimsir bhreá ar ghort an bhaile 's gur gearr an t-achar nach mbeadh aon dearmad déanta ar an gcorr-ghéabh rásaíochta ná ar an ngéar-choimhlint. Fánach go leor nó le sleam-chúis nó fachnaoid eicínt a thosáidís ar dtús agus ó bhí píosa breá farraige ón Spidéal siar go Carraig a' Mhatail agus b'fhéidir gliomadóir doscúch nó géar-aithiseach nach n-aireodh sé go mbeadh curach eile leis na sála aige 'na dhiaidh aniar agus ansin bhí an bainne doirtithe agus an rása tosaithe ina bhruith-shléachta agus díocas danartha na coimhlinte agus na teangbhála ina thine-bhruite nó ina ábhar comhrá agus gaisce achar fada ina dhiaidh sin agus ó shoin.

Na hiascairí bhíodh ag iascach amuigh ar an doimhin, amach ó chóngar a' ghlan 's an tsalachair, trí nó ceathair de mhílte farraige amuigh ar an bhfeá-mhóir, is ar éigin go mbíodh aon rása ná aon choimhlint idir iadsan agus ba é tuirse na bhfear agus an bruach lucht éisc a bhíodh sa gcurach acu ba chúis leis sin. Iasg mór geal agus an-mheachan iontu. Iad a' stríocadh le caladh i ndeireadh lae, troisg mhóra gheala chomh trom is do shaineirne sin chaon cheann acu, cadógaí móra leathana geala glégeala, faoitíní breátha ar dhath an airgid, colamóirí fada móra geala ar ghile na bán-chéise — dhá iasc iad sin faoi dheireadh nach bhfuil le fáil ar chor ar bith anois ná le fada.

Bhí aithne agam féin ar shean-fhear ar an mbaile, é gliomadóireacht 's na ceithre scór caite aige go maith. Chuireadh sé síos go baileach dhom ar na púcáin a bhí ag na fíodóirí sa Lochán Beag agus púcáin eile ag na Fátharta agus í feistithe i gCéibh an Bháid sna hAille. Chuir an sean-ghliomadóir síos dom freisin ar ghleoiteog mhór a bhí ag an sean-ghabha Pádraig Ó Coisdealbha sa Lochán Beag. Bhí teach ósta aige an uair sin, 'an Poitín Stil' anois. Is cuimhneach liom go maith an ghleoiteog sin anois, í tititithe taobh istigh de chlaí agus í 'na creatlach agus gur iomaí píosa de lá fada a chaith mé agus mo chasúr agam, 's mé ag briseadh fonnsaí, 's liúrachaí i mo ghasúirín an-óg agus mé cipínteacht liom

má bfhíor dom féin.

Má dúirt mé anois beag nach bhfaca mé aon rásaí curach le linn m'óige i gCois Fharraige agus a bhí go láidir i bhfíor thosach an 19ú céad agus ba mhór le rá iad ag an Aill Fhinn an uair údaí. Deireadh an sean-ghliomadóir fadó shoin liom gur bhuach sé féin agus m'athair agus fear eile as an mbaile, Peadar Pháidín minic go leor na rásaí thoir ag an gColbha i mbéal na hAille Finne, nuair a bhí siad ina mbuachaillí óga agus go minic ina dhiaidh sin. Tá cur síos fós agus trácht ar na rásaí úd, ar an ngleo agus ar an sárú bhíodh idir na daoine, agus bhíodh sin ann agus na sluaite móra bhí ann agus bailithe thar ar an lá. Tá agus bhí go leor scéilíní agus go leor scéilíní beaga deasa agus an-chuid de dhea-scéalta móra gaisce bhí ag an sean-ghliomadóir ar na hócaidí móra sin ar fad.

Ní shílim go bhfaca mé riamh aon rásaí ná geallta báid mhóra roimhe sin le mo chuimhne go dtí tús na ndaicheadaí agus na giaráin curtha go maith agamsa an uair údaí. Shíl mé nach mbeinn thiar go deo mar d'airigh mé an t-achar chomh fada sin ar shean-rothar meirgeach a bhí i ndroch-chaoi.

Bhí an oiread cloiste agam ó dhaoine ar na geallta breátha agus ar na rástaí móra a bhíodh thiar i gcuan Chill Chiaráin Lá'l Muire Mhór sa bhFómhar, an 15ú lá Lúnasa. D'iarr muid deoch uisce ar chailín óg taobh amuigh den doras agus muid a' gabháil thar bráid agus d'iarr sí isteach muid agus chuaigh agus ba é sin an teach fial, flaithiúil, cóir. Ní uisce bhí le fáil istigh ach tae breá agus dalladh le nithe agus deoch bhreá de bhainne na heasóige a bhainfeadh an duairceas agus an tochas den chliabhrach ba muingí dá bhfaca tú riamh. Bhí na geallta ar phoinntí bheith tosaithe anois agus ar bóthar ón mbaile beag go dtí an chéibh dubh-daite, ní le teara, ach breacaithe, brataithe, brúite le daoine. Ní raibh claí, aill, caracán ná cnocán ón Aird thiar ná taobh thiar de Aill na Brún thoir nach ansiúd a bhí a dtarraingt. Ní bheadh áit ar chnocán ag siogán nach raibh brúite, dingithe, pacáilte le fir, mná agus gasúir 's páistí. Sealta patrúnacha pingineachaí a bhí ar na mná agus na fir dea-ghléasta, an chuid ba mhó acu faoi na mbrístí agus bheistí ceann asna agus faoi na gcuid báiníní bána geala, glégeala, bréatha anuas de chraiceann na gcaorach agus chuile shórt déanta sa mbaile leis. Báiníní dhubha tá anois orthu.

Cuan leathan álainn Chill Chiaráin ina bhrat-scair breac-bhallach, daite, le chuile chinéal bád, ón húicéir, an ghleoiteog, an púcán, an leath bhád, an cocbhád, an nobby agus báid eile nach bhfuil a n'ainm agam.

Tar éis na ngeallta agus ceiliúradh an lae ar fad, an sult, an spraoi, an ceol, an spóirt, agus na hamhráin gur thóg an bádóir leis go dtí an bád muid. Gur chroch sé suas ar ais aríst a chuid seolta móra bocódieacha, bacóideacha, bán dearga 's taobh istigh de leath uair a' chloig gur stríoc sí le balla i Leitir Calaidh na mBád i gcúirt an tSrutháin Bhuí mar bhí sí ag Colm a' Bhailís lá dhá shaol.

Tá riar mór geallta 's rásaí feicthe a'm le fada, 's mór-mhór ó aimsir an Tóstail atá an dul chun cinn ar fad, is tús áite i mbliana ag an Spidéal le cúrsaí reachtála agus riartha agus gur ag neartú atá siad, nár laga Dia iad 's go néirí leo.

Anois mar fhocal scoir ní fhéadfainnse gan mo bhuíochas a ghlacadh leis an gcoiste bheo, bhríomhar, láidir, mhisniúil, fhíriúil, a bhfuil réasún, éirim agus substaint le féile mhór mar í seo, a bhfuil obair na gcapall inti a chur i gcrích gan marach.

'S anois ar deireadh thiar focal molta don rúnaí Maidhc P. a d'iarr é seo orm ó thús 's a raibh a fhios agam go maith nár mé fhéin b'ábalta don ócáid. Ach ó mo chroí amach agus ó mo choinsias ní fhéadfainn diúltú, is tá áthas croí, aoibheal agus gliondar orm gur éirigh liom é dhéanamh más go ciotach fhéin é. Agus a éisteoirí d'éist chomh ciúin, chomh measúil sin ó thús agus leis sin tá Féile geallta bád agus curachaí agus naomhógaí oscailte ag an Spidéal i mbliana '94.

•

**Standún Teo.**

An Spidéal, Co. na Gaillimhe
Fón: 091-83102/8

Togha agus Rogha na Tíre
Déan do chuid Siopadóireacht
tré Ghaeilge sa Ghaeltacht

*Go n-éirí go geal leis an bPléaráca*

**AN GÚM**
Brainse Foilseachán na Roinne Oideachais

***Téacsleabhair Nua***

**Téacs & Trialacha 5**
– Matamaitic na hArdteiste
**£7.90**

**Salut! 3**
– Eagrán Nua & Leabhar Saothair
**£9.75 & £3.75**

**An Ghrafaic Theicniúil**
Le foilsiú mí Mheán Fómhair

Foilsíonn An Gúm saothair den scoth i réimsí na dtéacsleabhar, na bhfoclóirí téarmaíochta, na leabhar/póstaer do pháistí chomh maith le hiriseán ocht leathanach eolaíochta **An tEolaí**. Is féidir foilseachán ar bith dá chuid a cheannach díreach ón:

*Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais, Sráid Theach Laighean, Baile Átha Cliath 2.*
nó is féidir iad a ordú tríd an bpost ó
*Rannóg na bhFoilseachán, Oifig an tSoláthair, 4-5 Bóthar Fhearchair, Baile Átha Cliath 2.*

Bíonn **An tEolaí** le fáil saor in aisce ón nGúm féin

**An Gúm, 44 Sráid Uí Chonaill Uacht., Baile Átha Cliath 1.**





# An 'Royal Mail-Car'

**Is iomaí duine a fuair marcaíocht ar charr a'phosta, nó ar an 'Mail', sna tríochadaí nó sna ceathrachadaí. B'fhéidir nach raibh an bus ag dul an bealach, nó, má bhí fhéin, nach raibh an t-am feiliúnach, agus ar ndó, ní mór-án carr a bhí ar na bóithre ag an am.**

Ach, ar an gcéad lá de Mhárta, 1888, fógraíodh go mbeadh carr pósta nó mar tugadh air ag an am – 'The Galway-Spiddal-Carraroe Royal Mail Car', le h-aghaidh post, paisinéaraí agus parcels a thabhairt gach lá, ó Ghaillimh ag tosaí breá luath ar maidin, agus ag tarraingt isteach sa Spidéal ag fiche nóiméad tar éis a h-ocht. Trí h-uaire a' chloig ina dhiaidh sin, ag fiche nóiméad tar éis a h-aon déag, sea bhí sé in ainms a bheith ar an gCeathrú Rua, agus is cinnte gur tuirseach traochta a bhí aon duine a rinne an turas sin. Trí h-uaire a chloig taistil as an Spidéal, agus is maith craite a bhí na paisinéaraí, nuair a bhí ceann scríbe bainte amach acu.

B'iad Muintir Uí Chonchúir, as William St. West i nGaillimh, a bhí ag cur na seirbhíse taistil seo ar fáil, agus ba é Cornelius O'Connor, é féin, a bhí i gceannas air. Ba ag an áit faoi leith seo freisin is ea a chuir tú tús leis an turas, agus nuair a cuireadh tús leis an t-seirbhís seo in 1888, bhíodar ag baint amach trí scilleacha ó Ghaillimh go'n Cheathrú Rua, scilling agus pingin ó Ghaillimh go'n Spidéal, agus scilling agus sé phingin ó'n Spidéal go'n Cheathrú Rua.

Bhí an 'Mail-Car', ag fágáil na Ceathrún Ruaidh, gach tráthnóna ag a ceathair a'chlog. Bhí sé sa Spidéal ag a sé, agus i nGaillimh, ag a h-ocht.

Turas cheithre uaire a' chloig, agus chomh maith leis sin, bhí sé i bhfad níos saoire dhul go Gaillimh ná teacht as. Leath-choróin a bhí sé, dhul isteach, meastú ar ó'n am sin, a tháinig an leagan cainte - "Tá sé éasca 'dhul go Gaillimh, ach tá sé deacair tíocht as ?".

Is deacair a rá ar mar gheall ar go raibh an 'Royal Mail Car' ag déanamh go maith, nó go dona, ach tar éis chúig bhliana laghdaíodh an costas taistil, agus bhí deis dhul ó'n gCeathrú Rua go Gaillimh ar dhá scilling, agus scilling ó'n gCeathrú Rua go'n Spidéal agus scilling eile as sin go Gailllimh.

B'fhéidir go ndéarfá leat fhéin, nach fiú mórán dhá scilling, nó deich bpighne, in airgead na linne seo, ach ar an dá scilling sin, bhí tú in ann an páipéar nuacht a cheannacht gach lá ar feadh seachtaine. Chosnódh na páipéir ós cionn sé phunt anois, ar feadh na seachtaine, mar sin ní chuile lá a bheadh tú ag dul ar an 'Mail'.

**Dónal Ó Colchún**

Is minic a shiúil daoine ó cheantar na Ceathrún Rua go Gaillimh chuig an margadh maidin Dé Sathairn, agus im agus uibheacha ar iompar acu, nó ag iarraidh rudaí faoi leith, nach raibh le fáil sa gceantar, – leitheidí, góil i gcóir an phoitín, agus ar ndó shiúileadh na spailpíní isteach go Gaillimh ag deireadh an t-Samhraidh.

Bhí buntáiste beag acusan, mar d'fhágadh gleoiteog trasna Chuan Chasla iad, agus níor airigh siad an scór míle isteach.

Maidir leis an Royal Mail, ní mór cuimhniú gur thug sé an posta leis gach maidin, aon phaisinéara agus na beartáin agus cé go mbíodh droch-bhail ar na bóithre, mar sin fhéin nuair a bhí géarghá leis, ba mhaith ann é.

Ar ndó, ba caiple a bhí i gceist agus bhí foireann de sé nó h-ocht gcinn de chaiple faoi réir, leis an turas a dhéanamh. Tugadh an-aire go deo do na caiple céanna, agus tugadh togha na beatha dhóibh mar is orthu san dáirire, a bhí an scéim ag brath. Nuair a bhí an turas déanta do'n Cheathrú Rua, bhí malairt capaill ansin, agus scíth ag an gcapall a tháinig as an Spidéal, go dtí an lá dár gcionn. Ar fhaitíos na bhfaitíos, bhí capall le cois sa Spidéal agus cupla ceann i nGaillimh, agus ní raibh lá, nár tháinig an 'Mail'.

Nuair a cuireadh tús leis an 'Galway-Spiddal-Carraroe Royal Mail- Car' céad agus a sé bliain ó shin, ní h-é an oiread sin daoine a bhíodh ag taisteal, agus is cinnte nach é an oiread sin litreacha a bhíodh le tabhairt ó áit go h-áit.

Nuair a bhíodh daoine ag tíocht gan choinne, nó daoine ag tíocht de'n chéad uair, ní raibh aon bhealach eile le dhul siar as Gaillimh, ach amháin turas farraige, agus níor mhór aithne bheith agat ar na bádóirí le n-aghaidh sin. Bhí an traein go'n Clochán i 1895, ach is mó a d'fheil sé sin do Thuaisceart Chonamara, agus é ag stopadh ag an Teach Dóite agus Sraith Salach.

Is cinnte, gur airgead is mó a bhí sna litreacha, a tháinig an bealach seo, os cionn céad bliain ó shin agus nach rompu a bhí an fáilte. Bhí duine nó beirt as chuile theach bailithe go Meiriceá, agus bhí an dream sa mbaile ag fanacht le deis 'fháil dhul anonn chomh luath in Éirinn is thiocfadh na dollars. Agus ní raibh aon mhoill, mar ní túisce ag obair an dream thall ná bhí na litreacha ag tíocht go tréan. Aimsir na Nollag, bhí na beartáin mhóra ag tíocht - éadach de chuile chineál agus cár fhága tú bréagáin do na gasúir. Nach iomaí babóg mhór a tháinig as Meiriceá – na súile ag oscailt 's ag dúnadh – ach an t-srón briste uirthi, sar a dtáinig sí an bealach seo.

Ach, mar gheall ar an slám mór beartáin faoi Nollaig, bhí sé fíor-dheacair iad a thabhairt slán, ach mar sin fhéin, b'iontach go deo an t-seirbhís a thug an 'Galway-Spiddal-Carraroe Royal Mail Car'.

**Dr Micheál Ó Cathasaigh**
- CÁRNA -

**Ionad Sláinte Charna**
10am - 1pm
Máirt - hAoine

**Ionad Sláinte Chill Chiaráin**
Dé Luain: 10am - 1pm
Déardaoin: 3pm - 6pm

**Ionad Sláinte an Chaisil:**
Dé Céadaoin: 3.30 - 4.30pm

Glacfar le daoine le coinne ón 3 - 6pm i gCarna ar an Luan, an Mháirt, an Chéadaoin agus ar an Aoine

Teil: Ionad Sláinte Charna/Baile: 095-32281/32243/32304/32305
Ciull Chiaráin: 095-33429
Caisil: 095-31161



Mairéad Ní Scanláin (Na Minna) ag caint le Mags Ní Fhlatharta (An Lochán Beag) ag seoladh clár na féile, Pléaráca Chonamara, in Óstán Chois Fharraige. (pic: BOB QUINN)

*Go n-éirí go geal le Féile an Phléaráca*

**SEÁN Ó DUBHDA**
**Tógálaí Tí**

**MÁIRÍN BN UÍ DHUBHDA**
**Múinteoir Ceoil**
**Pianó agus Úirlisí eile**
**Amhránaíocht**

Cárna. Fón/Fax: 095-32247

*Le gach dea ghuí ó*

**TIGH CHADHAIN**
**- Cill Chiaráin -**
**Siopa Grósaer & Beár**

**Cárna. Fón/Fax: 095-32247**

*Go n-éirí go geal le Féile an Phléaráca*

**TIGH FHLATHARTA**
**• AN AIRD MHÓR •**
**SIOPA GROSAERA & BUISTÉARA**
**GUAL AGUS GAS**
**095-33542**

**Comharchumann**
**Sliogéisc Chonamara Teo**
Cill Chiaráin, Co. na Gaillimhe Teil: 095-33489

**Forbairt Sliogéisc ins na cuanta idir Ceann Gólaim agus Inis Leacain**

***Deis lasgach ar Díol***









Sa bpictiúr ar chlé tá Pádraig Breathnach as Macnas. Léireoidh Macnas an seó 'Buile Shuibhne' i Halla Éinne ar an gCeathrú Rua ar an Domhnach 18 Meán Fómhair. Taobh leis tá pictiúr de fheilméara caorach a thóg Bob Quinn sa bPoirtingéil. Cuid den taispeántas 'Dearcadh Atlantean' an dá ghrianghraf seo agus beidh siad le feiceáil ag an Dámhlann, An Spidéal le linn aimsir an Phléaráca. (pic: BOB QUINN)

Conradh na Gaeilge

Baineann obair Chonradh na Gaeilge le gach gné de shaol na Gaeilge.

Bíonn ár gcraobhacha ar fud na hÉireann ag saothrú go dian chun

- tacú leis an nGaeltacht;
- cearta a bhaint amach do phobal na Gaeilge;
- stádas oifigiúil a bhaint amach don Ghaeilge sna Sé Chontae;
- tacú le naíonraí agus le scoileanna lánGhaeilge;
- staid na Gaeilge a fheabhsú ag gach leibhéal den chóras oideachais;
- stáisiún teilifíse lánGhaeilge a fháil bunaithe;
- breis chláracha Gaeilge a fháil craolta ar an teilifís agus ar an raidió.

Beidh Cothram Céad Bliain Chonradh na Gaeilge á cheiliúradh againn in 1993 – Bliain na Gaeilge. Ceiliúradh agus comóradh náisiúnta é seo a bheidh ar siúl i ngach contae agus i ngach réigiún den tír.

Cláraigh linn agus glac páirt inár gcuid oibre ar son na Gaeilge.
Conradh na Gaeilge,
6 Sráid Fhearchair,
Baile Átha Cliath 2.
Teil: 01-757401/2

**Muintearas**
**Tógra Oideachais Gaeltachta**
Leitir Móir, Gaillimh
Fón: 091-81145/81155/81300 Facs: 81277

*Le tacaíocht ó*
**Údarás na Gaeltachta**
**Coimisiún na gComhphobal Eorpach**
**Fondúireacht Bernard van Leer**
**An Roinn Oideachais**
**An Crannchur Náisiúnta**

**Scéim Réamhscoile do Thuismitheoirí - Foilsitheoireacht Téacsleabhair - Scéim Tacaíochta do Bhunscoileanna - Scéimeanna don Óige - Mná sa bPobal - Forbairt Oidhreachta - Oideachas Pobail**

***Ag obair i gCorca Dhuibhne, Conamara, Muigh Eo, Tír Chonaill agus ar fud na Gaeltachta***



• Pádraig 'Ac Coisdeala

# Pádraig 'Ac Coisdeala ón Spidéal

## *Gael Dílis, Sárbháireoir, Ilcheardaí, Cainteoir is Ceoltóir Cumasach*

**Ba i mBaile an Dónalláin i bhfoisceacht leathmhíle de shráidbhaile an Spidéil a saolaíodh Pádraig 'Ac Coisdeala (Peait Sheáin Tom), duine de na Gaeil ba dhílse dár chuir cos i mbróig riamh. Chuir sé suim i ngach ar bhain le saíocht Chlainne Gael is le saoirse a thíre.**

Bhí aithne mhaith aige ar Phádraig Mac Piarais, ar Éamann Ceannt is ar Liam Ó Maoilíosa. Nuair a bunaíodh na hÓglaigh níor loic Pádraig agus níorbh fhada go raibh sé mar chaptaen na buíne sa taobh seo tíre—ón Spidéal go dtí an Cheathrú Rua.

Rinne an Coisdealach cion fir ina liacht eachtra le linn Chogadh na Saoirse. Ba é teach a mhuintire an chéad teach i gCois Fharraige a dhóigh na Dúchrónaigh. Nuair a síníodh an Conradh ar 6 Nollaig, 1921 labhair Pádraig go láidir ina aghaidh mar ba léir dó drochthionchar na críochdheighilte. Faoi mar a dúirt sé féin: 'Ó chuaigh siad go hioscaid ba cheart dóibh dul go hascaill!'.

Sheas Pádraig gan stríocadh gan staonadh ar son na bPoblachtach sa Chogadh Cathartha. Ba le linn an chogaidh mhí-ámharaigh seo a thug saighdiúirí an tSaorstáit an-drochbhualadh agus ainíde dhó agus é i mbun oibre ar theach a dheirféar i mBaile an tSagairt. Ach cé go mba náireach an beart é níor léirigh sé gangaid ná faltanas dóibh siúd ba shiocair leis.

### GAEILGEOIR CUMASACH

Ba iontach an Gaeilgeoir é Pádraig. Bhí binneas, cruinneas agus gontacht ina chuid cainte a thug sé leis óna mhuintir. Agus ó thaobh grinn, dea-chainte is caschainte dhe ní raibh a shárú le fáil.

D'insíodh Peait ina bhealach barrúil féin faoin gcéad uair riamh a casadh Sean-Phádraic Ó Conaire air. Bhí sé féin is triúr ón bhFaiche Bheag i nGaillimh 'ag sclaibéireacht Béarla', faoi mar a deir Peait, taobh amuigh de theach ósta Antaine Uí Fheinneadha nuair a tháinig Sean-Phádraic an bealach. Sheas sé – a chamóg ar bhacán na láimhe clé is a hata siar go maith ar a cheann – ag éisteacht leo ag caint.

Nuair a fuair Sean-Phádraic deis, labhair sé le Peait.

'As an Spidéal tusa?'

'Sea,' a deir Peait, 'Nach maith a bhí 'fhios agat é sin'.

'A!' a deir SeanPhádraic, 'd'aithneoinn go maith ar do chuid Béarla gur as sin tú!'

Ní gá a rá cá chaith an bheirt acu an chuid eile den lá sin.

### ILCHEARDAÍ

Fear an-stuama in éadan aon chineál oibre a bhí sa Choisdealach - bhí sé ina shaor cloiche, ina shaor adhmaid, ina thógálaí, agus é in ann de shíor bail is slacht a chur ar chibé cén saothar a raibh sé ag gabháil dó. Go fiú na bhfeadóg féin bhí sé oilte ar iad a dhéanamh, óir ba thogha ceoltóra é. Ní raibh ríochan ar bith leis ar an bhfeadóg mhór.

Ní iarrfá de shó ach a bheith ag breathnú ar Phádraig ag aisteoireacht ar an ardán, mar bhí an-tuiscint aige ar an ealaín

### SÉAMAS Ó CUALÁIN

sin. Is iomaí gáire a bhain sé as an lucht féachana i ndrámaí mar 'Aintín Séarlaí', 'An Dochtúir Bréige', 'Tart' agus 'Droichead an Diabhail'. Léirigh sé a fhiúntas is a stuaim chomh maith i ndrámaí cosúil le 'Cor in aghaidh an Chaim', 'An Deoraí', 'Na Tans i gConamara' agus 'An Mac Mí-Ásach'. (Is fiú a lua gurbh é an tAthair Colm Mac Suibhne as an Sídheán sa Spidéal a chuir an dá dhráma deiridh seo i dtoll a chéile go hábalta ealaíonta).

### BÁIREOIR OILTE

Ba dheas ón gCoisdealach fuaim bhog bhinn a bhaint as an bhfuinseog freisin. Nuair a bunaíodh Cumann Iománaíochta an Spidéil thart ar 1912 bhí an-bháireoirí san áit. I dteannta Phádraig bhí Mícheál Ó Droighneáin (Captaen), Mícheál Ó Duigneáin is a dheartháir Peadar, Seoirse Ó Flatharta, Conchúr Ó Cuanaigh, Maidhc Pháidín Eddie, Maidhc Antaine, Maidhc Sheáinín, Ned Choilm, Máirtín Mhaidhc Mhóir, Taimín Tomty, Peait Mhaggie, Tom Pháidín Tom, Pádraig Rua Ó Cualáin, Máirtín Chonchúir, John Cheaite, Micheál Ó Briain (timire Gaeilge as Inis Meáin), Johnny Furey (as Órán Mór), Máirtín Ó Droighneáin (deartháir Mhichíl) agus Joe Tim.

Tá daoine beo fós a chuimhníonn ar an gcéad chluiche a d'imir báireoirí an Spidéil-iad feistithe amach go hinnealta néata ina ngeansaithe uaine is órga agus 'Naomh Éinde' scríofa go feiceálach orthu.

Ba in aghaidh fhoireann Chonradh na Gaillimhe as cathair na Gaillimhe a bhí siad agus imríodh an cluiche i ngarraí Chonway ar Lá Fhéil' Muire sa bhFómhar, 1912. Bhí slua ollmhór i láthair le héachtaí na bhfear a fheiceáil is a mholadh.

### LÁ CROÍDHÍLIS

Ar fhoireann an Chonartha bhí daoine cáiliúla ar nós an reathaí Tomás Ó hEidhin, Séamas Mac Artúir, Seoirse Mac Niocaill, Tomás Ó Flanagáin (an píobaire), beirt deartháireacha de mhuintir Mhig Oireachtaigh agus an Loinseach ó dheisceart na Gaillimhe a raibh a ainm in airde mar iománaí.

Fágadh faoi Pheait Sheáin Tom súil a choinneáil ar an Loinseach i gcaitheamh na huaire agus ba é a rinne a chuid oibre go maith mar oiread is scór amháin féin níor aimsigh an Loinseach.

An-chluiche amach is amach a bhí ann agus tráchtar fós ar an gcaoi ar imir an Spidéal i gcoinne shárfhir Chonradh na Gaeilge. Ba é Paddy Shéamais Sheáin (Pádraig Ó Droighneáin) as Baile Éamainn a bhí ina réiteoir an lá éachtach úd, ach ní róshásta a bhí cuid den lucht féachana leis. Ó tharla gurbh ar an bhFaiche Bheag i nGaillimh a rugadh Paddy cuireadh ina leith gur thaobhaigh sé le foireann an bhaile mhóir. Ag am sosa rinne dochtúir na háite - An Dr. Ó Ciardhuáin - casaoid ghéar agus dúirt leis an réiteoir nach raibh cothrom na Féinne á fháil ag báireoirí Chois Fharraige uaidh.

Is iomaí cor atá curtha dhe ag an saol ón lá croídhílis sin i 1912, ach maireann gaisce na bhfear seo fós agus mairfidh. Tá na gaiscígh seo uile imithe ar Shlí na Fírinne. I measc na bhFiníní ar Neamh go raibh a n-anamacha.



Foireann Iománaíochta an Spidéil 1912. Sé Pádraig 'Ac Coisdeala an driú duine ó chlé sa dara líne. Líne tosaigh (ó chlé): Conchúr Ó Cuanaigh is Tomás Ó Conaola. Dara líne: Micheál Ó Duigneáin, Micheál Ó Droighneáin (captaen), Pádraig 'Ac Coisdeala, Peadar Ó Duigneáin. Triú líne (ina seasamh): Seán Furey, Seoirse Ó Flatharta, Pádraig Ó Droighneáin, Brian Ó Cualáin, Pádraig Ó Cualáin, Máirtín Ó Céidigh, Éamonn Breatnach, Tomás 'Ac Coisdeala is Séamas Ó Murchú. Is fiú a mheabhrú gur imir mac le Micheál Ó Duigneáin—Proinsias—agus beirt mhac le Micheál Ó Droighneáin—Seán is Piaras— do Ghaillimh sna daichidí.




**• Cuid den lucht féachana a bhí ag an gcomórtas damhsa ar an sean-nós sa gCistin ar an gCeathrú Rua, le linn Phléaráca Chonamara anuraidh.** (Pic: Bob Quinn)



An bhfuil tú ag iarraidh a ghabháil go Meiriceá ar do laethanta saoire, i mbliana? Tá mé in ann lóistín a thabhairt do dhuine nó beirt, am ar bith. Ní bheidh mar chíos uait ach Gaeilge a labhairt liom. Scríobh chuig:

**Gréagóir Ó Braonáin,**
**1 St. Louis Ave.,**
**Pt. Pleasant Bch., N.J. 08742,**
**U.S.A.** nó glaoigh ar (201)-892-6037.


AMÁRACH
GUTH NA GAELTACHTA
22p
Daoine ag Diúltú Ceadúnais Teillifíse a íoc i gConamara agus in Árainn
Feachtas Mór ar bun ag an Roinn
Bailiúchán Chonradh na Gaeilge

*AMÁRACH — 13 Bealtaine 1983*

## Gaeilgeoir agus damhsóir

**Léirionn an fógra thuas cén bealach a d'fhoghlaim Greg Ó Braonáin Gaeilge — mura raibh sé in ann dul chuig an nGaeltacht, mheall sé an Ghaeltacht chuige. Beidh sé ag damhsa ag Tigh Sé, ag an gcomórtas damhsa ar an sean-nós agus sé atá in ann aige.** (pic: BOB QUINN)


le gach dea ghuí ó

**COLM Ó MAINNÍN**

An Garáiste, Ros Muc

***SEIRBHÍS IOMLÁN GARÁISTE***

091-74113



**Tigh Fhlatharta**

**BEÁR & SIOPA GRÓSAERA**

**- Casla -**

**Teil: 72233**

*Go n-éirí le Féile an Phléaráca*



**T. Ó Máille Teo.**

Ros Muc, 091-74101

*Grósaer, Crua-earraí, Soláthraí Tógálaithe, Éadathóireacht*



**TIGH CHLARKE**

• ROS MUC •

BAR & CEOL

SIOPA

*FUNERAL HOME* • ADHLACÓIR

74152/74126







# Y MONIARS

**ón mBreatain Bheag**

Ag casadh in Óstán na Ceathrún Rua Dé hAoine 16 Meán Fómhair agus i Halla Éinne ar an Satharn 17 Meán Fómhair

# 'Y MONIARS' AG TEACHT GO CONAMARA

**Beidh Na Moniars, ceann de na bannaí ceoil is mó a bhfuil tóir orthu sa Bhreatain Bheag, ag tíocht go dtí an Cheathrú Rua le linn 'Pléaráca Chonamara' i mbliana. Seachtar atá sa bhanna agus chuirfeadh an ceol a chasann siad damhsa i cosa na marbhán. Tá an cheol a chasann siad cosúil le meascán de na Sawdoctors agus na Waterboys le beagán de cheol na Pogues tríd.**

Chuala **Donncha Ó hÉallaithe** iad ag casadh tús mí Iúil ag **'Cnapan'** an fhéile is mó ceoil sa Bhreatain Bheag, nuair a bhí cuairt an Phléaráca ar Ffostasol ar bun.

*"Thaithin an ceol country-rock a rinne* ***Na Moniars*** *thar cinn liom agus thug mé faoi deara go ndeachaigh na daoine óga a bhí ar an dturas linn amach ag damhsa láithreach nuair a thosaigh siad ag ceol – teist mhaith ar aon bhanna ceoil. Labhair mé leo faoi thíocht go Conamara le linn Pléaráca Chonamara. Nuair a tháinig mé abhaile d'inis mé don choiste futhu agus shocraíodh iad a iarradh anonn. Bhí cúpla gig socraithe acu ach d'éirigh leo iad a athrú le go bhféadfaidís tíocht."*

Chas siad cúpla uair cheana in Éirinn an uair deireannach sa **King's Head** i nGaillimh, áit a raibh daoine ag damhsa ar na boird ón tús, ceal spáis ar an urlár. Beidh siad ag casadh dhá oíche i ndiaidh a chéile san gCeathrú Rua - ar an Aoine an 16ú in Óstán na Ceathrún Rua le haghaidh an **Ciorcal Craiceáilte** agus arís ar an Satharn i **Halla Éinne** th'éis an coirmcheol mór **'Gaelcheol Tíre ó Chonamara'**.



Barry Ronan a bheas i measc na n-amhránaithe ag an gcoirmcheol mór 'Gaelcheol Tíre ó Chonamara' ar an Satharn 17ú Meán Fómhair

RTE

CÚRSAÍ

*Ar ais ar an aer ag amanna nua.*

- Luan, Máirt, Déardaoin agus Aoine: Network 2 **8.35 pm**
- Dé Domhnaigh Cúrsaí Ealaíne: RTE 1 **11.05 pm**

Croí agus Anam na Tíre ag tosnú 26ú Meán Fómhair





# GAELCHEOL TÍRE *ó Chonamara*

**Tá sé 20 bliain ó craoladh 'An Damhán Alla' leis an ngrúpa Na Cloigne Folmha ar Raidió na Gaeltachta don chéad uair. B'é 'An Damhán Alla' an chéad cheann de amhráin nuachumtha Chonamara, a eisíodh ar cheirnín agus mar adeir Mícheál Ó Conghaile sa leabhar *Croch Suas É*, scaip an tamhrán i measc muintir na Gaeltachta "mar a bheadh fiabhras ann". Ó shoin tá os cionn 100 amhráin nua tsgaithe ó chumadóirí Chonamara, atá le cloisteál sna pubannaí, sna hallaí damhsa, ar an Raidió agus áit ar bith a mbíonn cóisir. Tá roinnt mhaith dena hamhráin seo eisithe ar chaiséid ag Cló Iarchonnacht.**

Seo mar a chuir Mícheál Ó Conghaile síos ar an rabharta cumadóireachta seo sa léacht *Gnéithe d'Amhráin Chonamara Ár Linne* a thug sé do Chumann Merriman i gCathair na Mart i 1993, agus atá foilsithe aige ó shoin mar leabhar:

*"Ní amhráin bheaga fhánacha iad ach oiread ach amhráin atá tástáilte ar an bpobal agus a bhfuil glactha leo mar amhráin mhaith tríd is tríd. Ní hamháin go bhfuil siad ar fad foilsithe, nach mór, ach tá siad taifeadta ar chaiséid agus craolta go minic fresin. Tá véarsaí as go leor acu ar bharr a ngoib ag muintir na háite a chuireann spéis in amhráin agus bíonn éileamh orthu ar chláracha iarratais Raidió na Gaeltachta go rialta. Cruthaíonn sé seo go bhfuil siad imithe i bhfeidhm ar shaol sóisialta an phobail, go bhfuil siad tar éis cuisle an phobail a aimsiú, agus go bhfuiltear ar aon bhuile leis."*

Foinn *country* is mó a úsáidtear leis na hamhráin nuachumtha seo agus téann Gaeilge Chonamara leis na foinn go gleoite. Tá tionchur an tsean-nóis le aithint ar mhodh ráite na n-amhrán i go leor cásanna. Tá tionchur rock ar roinnt beag acu. Chomh maith leis na hamhráin nuachumtha, tá roinnt amhráin traidisiúnta dhá gcanadh ar an stíl nua chomh maith.

## Ceol nua-aimsireach fréamhaithe i ndúchas na háite

Is ceol nua-aimsireach an ceol seo ach é préamhaithe i ndúchas na háite. Baineann an cuid is mó dena hamhráin leis an saol mar atá inniu sa Ghaeltacht. Moltar laochra na linne iontu. Cuirtear síos ar an sclábhaíocht a bhíodh ar an mbuildeál i Londain Shasana. Tá trácht ar na potholes, ar na *factories* ag dúnadh, ar na geallta báid seoil. Níl mórán amhráin ghrá cumta agus níl mórán den maoithneachas ag baint leo, mar atá i gcás na namhrán *Irish Country*.

Agus ós rud é go bhfuil siad dhá gcanadh i nGaeilge, níl aon chanúint neo-meiriceánach dhá úsáid ag na hamhránaithe. Seachas an stíl ceoil féin is ceol dúchasach Gaeltachta é seo. Sé an ceol is mó a thaithníonn le muintir Dheisceart Chonamara ach níl aon aitheantas fáighte ag an gceol seo ar na meáin seachas ar Raidió na Gaeltachta.

## An Coirmcheoil i Halla Éinne

Déanfar an ceol seo a cheiliúradh i mbliana le linn **Pléaráca Chonamara '94** nuair a thabharfar le chéile i Halla Éinne, An Cheathrú Rua, na amhránaithe agus na grúpaí is mó a casann na hamhráin nuachumtha go rialta. Cineál Woodstock Ghaeltachta a bheas ann. Déanfar an ceolchoirm a thaifeadadh le fístéip agus clár teilifíse a dhéanamh dhó.

I measc na n-amhránaithe agus na ngrúpaí a bheas ag glacadh páirt sa gcoirmcheol beidh John Beag Ó Flaithearta agus na hAncairí; Máirtín Beag Ó Gríofa agus Cillín; Seán Ó hÉinniú; Gearóid Ó Murchú óna Fíréin; Seán Monahan ón Máimín Cajun Band; Beairtle Ó Domhnaill; Barry Ronan; Tomás Mac Eoin; Peadar Ó Flaithearta agus Duirling; Na Ceannabháin agus Fóidín Meara.

Tá teora leis an méid daoine ar féidir a scaoileadh isteach. Is féidir ticéid a fháil ó Oifig T.C.A i nDoire Né roimhré.

BREANDÁN Ó TUAIRISG
CONRAITHEOIR TÓGÁLA

LOCHÁN BEAG, INDREABHÁN,
CO. NA GAILLIMHE

FÓN: 091-93201

An Comhlachas Náisiúnta Drámaíochta
Camus, Conamara
Teil: 091-74146 Faics: 74155

*Go n-éirí go geal le Féile an Phléaráca*

## Dé hAoine 9 Meán Fómhair

2.00pm **AERSEÓ IN INIS MEÁIN**
Eolas: Dónal Ó Sé 099-73010

8.30pm **OSCAILT OIFIGIÚIL NA FÉILE** san Ionad Pobail, Cill Chiaráin le Michael Ó Cuaig.
**BRONNADH 'GRADAM AN PHLÉARÁCA'**

10.30pm Oíche go Maidin le **PJ Ó hIarnán** agus **SWALLOW'S TAIL** san Ionad Pobail, Cill Chiaráin.
Beár iomlán le síneadh ama ar fáil don oíche.

## Dé Sathairn 10ú

10.30am Rang Máistreachta ar feadh an lae ar an mBosca Ceoil le P.J. Ó hIarnáin san Ionad Pobail, Cill Chiaráin

2.00pm **COMÓRTAS PEILE NA MBAN - 7 A' TAOBH**
Páirc an Mháimín.

**GEALLTA BÁD SEOIL** i gCuan Chasla.

2.30pm Rása aonair do ghleoiteoga, le duine amháin sa mbád.

3.30pm Geallta dona Gleoiteoga Beaga (faoi 23' agus faoi 21') agus Móra, Púcáin, Dinghies. Duaiseanna don bhád is fearr feistithe; don chéad bhád le bean ar an almadóir; don bhád is faide ó bhaile. Tiocfaidh criúanna na mbád le chéile i ndiaidh na ngeallta, Tigh Táilliúra ar an gCeathrú Rua, áit a bhronnfar duaiseanna. Eagraithe ag Cumann Seoltóireachta Chuan Chasla. Urraithe ag Sally & Paddy O'Brien (Island Ferries) agus ag Tigh an Táilliúra.
Eolas: Pádraig de Bhaldraithe 091-81126

7.30pm **• COMÓRTAS TOM PHÁIDÍN TOM •**
Comórtas Amhránaíocht ar an Sean-Nós le haghaidh Chorn Tom Pháidín Tom sa Crúiscín Lán, An Spidéal.
Fear an Tí: Seán Bán Breathnach.
1ú duais: Corn Tom Pháidín Tom + £150; 2ú: £75; 3ú: £50. (Urraithe ag Tithe Ósta An Spidéil).

11.00pm **OÍCHE SEITEANNA & CÉILÍ le EISCIR RIADA.**
in Ionad Pobail, Na Forbacha.
Beár iomlán le síneadh ama ar fáil don oíche.

## Dé Domhnaigh 11ú

9.00am Turas na mBád Seoil ar Inis Oírr ag fágáil Céibh an tSrutháin, An Cheathrú Rua. Déanfar iarracht bealach a aimsiú ar bhád seoil go gach duine atá ag iarraidh dul amach ach ní mhór seicéad sábhála a bheith acu.

11.30am **AIFREANN AN PHLÉARÁCA** ó Chill Chiaráin.

2.00pm **AERAÍOCHT INIS OIRR** Eagraithe ag Comhar Caomhán

2.00pm Seó Talmhaíochta Chois Fharraige, Coláiste Chonnacht, An Spidéal. Eolas: 091-83161

2.00pm **QUADRIATHLON CHONAMARA**
(Snámh, Kayak, Rothaíocht agus Rith/Siúl) sa Cuigéal Beag. Beidh t-léine speisialta le fáil ag gach duine a thógann páirt agus a críochnaíonn an cúrsa. 091-81365/72582
Urraithe ag VEC na Gaillimhe

2.00pm Lá Spóirt agus Scléipe do chuile dhuine ar Pháirc Chamuis.
Eagraithe ag Coiste Pobail Chamuis le urraíocht áitiúil
- **Aclaíocht** (100m, 200m, 400m & an Léim Fhada)
- **Rása an Tower** (Rása Bóthair 7 míle)
- **Tarraingt Téide** cosnochtaithe do fhir is do mhná
- **Caitheamh Cruifí**
- **Caitheamh Meachan** (28pt) le haghaidh Sciath Bheartla Breathnaigh bronnta ag Criostóir Breathnach, Ros Muc

6.00pm Siamsa in Áras Mhic Dara, An Cheathrú Rua.

8.00pm **'ABABABÚNA'** Comórtas Lúibíní
Tigh Chualáin, Coill Rua.
1ú duais: Corn Tigh Chualáin + £100; 2ú duais: £50. Urraithe ag Tigh Chualáin.
Sé an lucht éisteachta a roghnóidh an lúibín is fearr.
Fear an Tí: Peadar Ó Cualáin.
Seisiún Ceoil & Amhránaíochta tar éis an chomórtais.

11pm Ceol & Damhsa le
**SÉAMUS BEGLEY agus STEVE COONEY**
i gCeol na Mara.
(Síneadh ama sa mbeár).

## Dé Luain 12ú

9.00pm **Oíche Shiamsaíochta na nOileán,**
Tigh Anraí ar an Droim, leis an aoi-bhoscadóir BOBBY GARDINER
Eagraithe ag Muintearas.

## Dé Máirt 13ú

7.30pm **Cómórtas Amhránaíochta ar an Sean Nós** do dhaoine óga i gcuimhne ar Sheán Chóilín Ó Conaire, sa gCrannóg i Ros Muc, le craoladh ar Raidió na Gaeltachta.
Dhá roinn sa gcomórtas: faoi 17 bliain agus idir 17 agus 21.

9.30pm **Cómórtas Damhsa ar an Sean Nós** do dhaoine óga faoi 18mbl.





(Eagraithe ag Coiste Pobail Ros Muc le urraíocht ó Tigh Chlarke, Tigh Mhaidhcó, Siopa Uí Mháille agus Cniotáil Ros Muc Teo).

9.00pm **ÁIRNEÁN** – véarsaíocht, agallaimh beirte, ceol, amhráin agus scéalaíocht á chur i láthair ag Joe Steve Ó Neachtain.
Tigh Pheadair Mhóir ar an mBántrach

## Dé Céadaoin 14ú

8.30pm **COMÓRTAS DAMHSA AR AN SEAN-NÓS**
(oscailte do dhaoine os cionn 18 bliain amháin) sa Chistin, An Cheathrú Rua, i gcuimhne ar Mháirtín Beag Ó Gríofa.
1ú duais: Corn Tigh Sé + £100 (curtha ar fáil ag an gCistin); 2ú duais:£70, 3ú duais: £50.
Duais speisialta don damhsóir is greannmhara agus don damhsóir is fearr dóibh siúd nár bhfuair duais cheana sa chomórtas.
Fear an Tí: Máirtín Jamesie Ó Flaithearta

## Déardaoin 15ú

8.00pm **OÍCHE SCÉALAÍOCHTA AGUS SEANCHAIS**
Scoil na hAirde Móire, Cárna.

9.00pm **ATLANTEAN** - Scannán doiciméide de chuid Cinegael, a deineadh 10 mbliain ó shoin, ina bhfuil neart daoine ó Chonamara páirteach.
Óstán na Ceathrú Rua.

## Dé hAoine 16ú

11am **Lá Spóirt** Scoileanna Iarbhunoideachais na Gaeltachta i gCarna. Eolas:Roibeárd Ó hÉalaí, Scoil Phobail Chárna 095-32245

8.30pm **OÍCHE FILÍOCHTA - TEACH SCRÍBE**
Filí áitiúla agus aoifhilí.
Eagraithe ag Ceardlann Scíobhnóireacht na mBan, Ros Muc. Eolas: (091 - 74116)

10.30pm **AN CIORCAL CRAICEÁILTE** i gConamara - Rónán Mac Aodha Bhuí, Bréag agus Y Moniars.
Óstán na Ceathrún Rua. Síneadh ama sa mBeár

## Dé Sathairn 17ú

11.30am **COMÓRTAS IDIR MHONARCHANA** á eagrú ag Údarás na Gaeltachta ar Pháirc Chamuis.
Eolas: Peadar Ó Maoláin 091-92011

1.00pm **MARATÓN MEASCTHA CURACH**
ó Chéibh an Mháimín go hAnach Mheáin faoi Dhroichead an Daingin. Oscailte do fhóirne sinsireacha ach ní bheidh cead ag beirt ón bhfoireann céanna bheith in éindí.
Meascfar na fóirne ag tarraingt Tigh Phlunkett ag 12.30pm.

4.00pm **Gnáth Rásaí** ag Anach Mheáin
- Fir - Sóisear (Curachaí Canbháis)
- Naomhóg
- Curach le triúr ban.

Bronnfar na nduaiseanna tar éis na rásaí sa gClubtheach in Anach Mheáin.

2.00pm **Comórtas Gailf an Phléaráca** á eagrú ag Golfmara Anach Mheáin. Eolas:091-72498

8.30pm **Gaelcheol Tíre ó Chonamara**
Halla Éinne, An Cheathrú Rua.
An cheolchoirm is mó riamh le grúpaí nua-aimsireacha ag casadh na n-amhráin nuachumtha is mó a thaithníonn le daoine. Déanfar taifeadadh teilifíse den ocáid speisialta seo. Moltar ticéid a chur in áirithe ón oifig roimh ré.

11.00pm Halla Éinne - Damhsa le **Y MONIARS** – an popbanna cheoil is mó lucht leanúna sa Bhreatain Bheag.

## Dé Domhnaigh 18ú

5.00pm **COMÓRTAS SAIGHEAD** (Darts) do fhir agus do mhná - Tigh Mheaic, Cárna

**COMÓRTAS POOL** do fhir agus do mhná -Tigh Phlunkett, Leitir Móir.

**COMÓRTAS COISBALL** measctha - Tigh Phlunkett.

Ní mhór do thithe tábhairne daoine a roghnú agus a n-ainmneacha a chur ar aghaidh roimhré ag an oifig (091-72541). Beidh Corn agus £100 ar fáil ag buaiteoirí agus £50 don tarna áit i ngach comórtas.

8.00pm Halla Éinne - **Buile Shuibhne** - seó stáitse nua le Macnas.
Tá an seó seo feiliúnach do gach aoisghrúpa. Moltar ticéid a chur in áirithe ón oifig roimh ré.

11pm **Damhsa Ghealach an Fhómhair:**
**An MÁIMÍN CAJUN BAND**
Ionad Pobail Chamuis
(Síneadh ama sa mbeár).



Máirtín Tom Sheáinín agus a mháthair, i láthair ag an gcomórtas 'Óró Mhíle Grá' i dTigh Chualáin anuraidh. Comórtas Lúibíní a bheas ann i mbliana faoin teideal 'ABABABÚNA' agus sé an lucht éisteachta a roghnóidh na buaiteoirí.

**Taisteal Chonamara Teo.**

***Noel Mac Donnacha***

An Cheathrú Rua,
Co. na Gaillimhe
Fón: 091-95111/93022

**TIGH JOHNNY SHEÁIN**

**· AN TULACH ·**

**BEÁR, CEOL AGUS CRAIC**
**GACH DEIREADH SEACHTAINE**

*Go nÉirí go Geal leis an bPléaráca*

**GAELIC SEAFOODS (IRL) LTD.**

Leitir Ard, Caiseal, Co. na Gaillimhe
Leitir Mealláin, Co. na Gaillimhe

*Táirgeoirí Bradán den scoth.*
*Ag Soláthar Fostaíocht do Mhuintir Ghaeltachta sa nGaeltacht.*

GAELIC SEAFOOD HOLDINGS LTD





# Oíche Áirneáin

Scoil na hAirde Móire

**Seo an tuairisc a thug Seosamh Ó Cuaig ar RnaG do Mháirtín Jaimsie ar an oíche áirneáin i Scoil na hAirde Móire, Cill Chiaráin, anuraidh le linn Pléaráca Chonamara. Beidh oíche áirneáin arís ann i mbliana ar an Déardaoin 15ú.**

*"Oíche an áirid a bhí inti agus oíche an speisialta. Nuair a chuimhnítear ar "Country and Western" cuimhnítear ar Nassville, Tennessee agus gurb é sin an ceanncheathrú agus dá mbeifeá ag cuimhniú ar Opera bheadh tú ag cuimhniú ar La Scala, Milan nó Covent Gardens i Londain. Ach aréir bhí muid i gCeannáras an tseannóis, i Scoil na hAirde Móire, Cill Chiaráin, ag cuimhniú ar* **Joe Éinniú, Seán Mac Donncha, Dara Bán** *agus muintir* **Sheáin Jeaic** *. Bhí an teach lán agus bhí chuile dhuine ar a suaimhneas, agus rud eile, bhí an-fear a' tí ann,* **Éamonn Ó Conghaile.**

*Bhí na dreamanna sean-nóis uilig ann agus bhí an oíche bunaithe ar mhuintir na háite. Bhí muintir* **Sheáin Jeaic** *ann,* **Johnny** *agus* **Josie** *ach bhí an óige go láidir ann freisin. Bhí iníon* **Johnny** *ann,* **Róisín** *a bhfuil craobh na hÉireann bainte amach aici. Ar an gcaoi céanna bhí muintir* **Mháire a' Ghabha** *ann,* **Máire Ghabha** *féin cumasach uilig. Sheas sí suas os comhair an tslua agus chas sí amhrán breá. Ar ndóigh bhí* **Michael** *freisin ann agus an rud ba iontaí uilig ná* **Peter,** *mac le Michael, nach bhfuil ach naoi mbliana d'aois ag casadh* **"Johnny Seoighe".**

*Bhí* **Muintir Éinniú** *ann -* **Bairbre,** *iníon* **Mháirtín Éinniú** *agus a hiníon. Ansin tháinig na scéalta ó* **Eddie Bheartla, Tom Bheartla** *as Cois Fharraige,* **Joe Steve agus Máirín.** *Bhí siad thar barr, ligithe amach uilig!*

*Anois tá go leor dena daoine seo feicithe agam agus agatsa, a Mháirtín cheana agus faigheann tú synical faoi oícheanta mar seo scaití ach ní raibh sé mar sin aréir."*

*Máirtín Jaimsie: "Bhí an atmaisféar ceart ann an raibh?"*

*Seosamh Ó Cuaig: "Go díreach."*

*Máirtín Jaimsie: "Bhí an áit ceart agus an am ceart?"*

*Seosamh Ó Cuaig: "agus na daoine cearta, an fear a' tí ceart, agus bhí braon le n-ól ann - beer, pórtar agus fuisce - a chuir leis an rud freisin."*

# An Damhsa ar an SeanNós

Tigh Sé

*Máirtín Jaimsie Ó Flaithearta*

"As píosa spraoi agus argóna lá amháin **Tigh Sé,** faoi dhamhsa agus faoi cé ab'fhearr, a tháinig an smaoineamh an comórtas a eagrú an chéad lá ariamh.

Chuir **Aodán Ó Sé** buanchorn **Mháirtín Bhig Uí Ghríofa** ar fáil agus bhí sé i gceist go bhfaighfí urraíocht airgid in áit éicint eile. Tháinig an Pléaráca agus thóg siad faoina scáth é, mo ghreidhin iad.

Mac Mháirtín Bhig, **Noel Ó Gríofa** a thug an corn leis an chéad bhliain agus arís anuraidh. Sé **Cóilín Sheáin Dharach Seoighe** as Ros Muc a ghóthaigh an darna bhliain é agus a tháinig sa darna háit ag Plearáca '93.

Faoina gcois é ... Fré chéile!"

**Coláiste Chamuis**

Indreabhán
Co. na Gaillimhe

Go n-éirí go geal le Féile an Phléaráca

SeaWinds Nurseries

Aonad 7
Eastát Tionsclaíochta, Casla, Co. na Gaillimhe
Teil: 091-72210/34/94
Facs: 091-72370

**Ar Oscailt:**
**Luan go hAoine: 9am – 5pm**
**Dé Sathairn: 10am – 6pm**

**10% Lascaine i gCaitheamh an Fhéile**

**Gach rud do do Ghairdín**

## Oíche Áirneáin - Tigh Pheadair Mhóir ar an mBánrach

"Caorúch de thine ar theallach breá oscailte, neart na díghe dhá dháileadh, freastal caothúil, éifeachtach agus an teach ag cur thar maoil le lucht éisteachta.

Cuir leis sin seanchaithe mar Tom Phaidí Mac Diarmada agus Tom Bheairtle Tom Ó Flaithearta agus déarfá go bhfuil an oíche ag feabhsú; measc isteach cothúcháin na bpíosaí filíochta uaidh Joe Steve, Johnny Chóil Mhaidhc, Eibhlín Ní Chualáin agus Ruaidhrí Ó Tuathail agus tá na seolta ag líónadh agus le scód ceart a thabhairt don ócáid ná dearmad na hagallaimh beirte ó Joe Steve agus Máirín Neachtain; Johnny Chóil Mhaidhc agus Seán Pheait Mór Ó Loideáin - nár laga Dia go deo iad le crua-chaint ná le dea-chaint.

Nuair a chuireann tú san áireamh scothcheoltóirí mar Johnny Ó Conaola, Mattie Joe Shéamais, Aisling Ní Neachtain agus Mary Ellen Ní Chonghaile ag figheachán dreasannaí ceoil idir na míreanna sin ar fad, ní dóigh liom go ndéarfadh neach dá raibh i láthair nach raibh an-oíche go deo inti"

*– Micheál Mac Con Iomaire, ag cur síos ar an Áirneán anuraidh , le linn an Phléaráca.*

**Beidh Oíche Áirneáin arís i mbliana againn ar an mBánrach i dTigh Pheadair Mhóir, ar an Máirt 13 Meán Fómhair.**

# QUADRIATHLON CHONAMARA

11 Meán Fomhair

**Tá Maratón, Duoathlon agus Triathlon ann. Anois tá an Quadriathlon ag teacht ar an bhfód. Tá dhá choiste áitiúil, Spórt Mara Leitir Mealláin agus Cumann Eachtraíochta Chonamara, Camus in éineacht le Mayo Triathlon Club agus faoi scáth Phléaráca Chonamara ag cur an chéad Quadriathlon sa tír i láthair ag Foirnis, Leitir Mealláin ar an Domhnach 11 Meán Fómhair chun taitneamh a bhaint as an timpeallacht talamh, farraige agus oileáin atá thart orainn.**

Is lúthchleasaíocht é an Quadriathlon ina dtógann duine páirt i roinnt imeachtaí i ndiaidh a chéile. Sé tá ann ná cúrsa kayakadóireacht, snámh, rothaíocht agus rith nó siúl. Tá rogha cúrsa fada nó cúrsa gearr ann don dream a dteastaíonn uathu an cheithre imeacht a thriail. Freisin, tá rogha ann aon cheann de na himeachtaí a thriail.

Is ócáid spraoi é ina bhfuil béim go dtrialfadh daoine páirt a thógail san oiread imeachtaí is mian leo. Níl comórtas i gceist. Chun aitheantas a thabhairt do iarrachtaí chuile dhuine beidh T-Léine agus bonn le fáil acu.

Seo é an triú bliain againn an cinéal seo lá spórt a rith le linn féile Phléaráca Chonamara. Thosnaigh an smaoineamh seo i 1983, nuair a ritheadh rása snámh ó Pholl an Phíobaire go dtí Power Station Scríb ar Chuan Chamuis, cúrsa leath mhíle. An bhliain sin thóg Brian Ó Cuív, Dónal Mac Giolla Bhríde, John Barrett, Aodh Dalton, Seosamh agus Máire Ó Giobúin páirt. Ritheadh an rása seo arís i 1984. Nuair a bhí Clár Phléaráca 1992 á chur le chéile, rinne Cumann Eachraíochta Chonamara athbheochan ar an gcúrsa seo agus chuir leis rása bóthar 3 míle ó Tower Chamuis go dtí'n Power Station, ansin cúrsa kayakadóireacht aon mhíle. Ba comórtas a bhí ann an bhliain sin agus is é Gerry Daly as an Mayo Triathlon Club a bhuaidh Corn Cuimhneachán Phat Ó Máille. Ceathar a thóg páirt sa gcomórtas, Gerry Daly, Seosamh Ó Giobúin, John Barrett agus David O'Brien.

Thóg fiche hocht duine páirt sa Triathlon anuraidh ar lá a bhí ag dórtadh báistí. Tháinig daoine ann as Leitir Mealláin, Cill Chiaráin, Gaillimh, Maigh Eo, Sligeach chun páirt a thógáil ann.

I mbliana tá Quadriathlon Chonamara, an chéad ceann in Éirinn, dhá eagrú ag Spóirt Mara Leitir Mealláin le linn Pléaráca Chonamara.

Le dhá bhliain anois tugann Coiste Gairmoideachais na Gaillimhe tacaíocht don lá spóirte seo.

Mar sin ar an 11 Meán Fómhair bainigí triail as Quadriathlon Chonamara.

| Kayak | Snámh | Rothaíocht | Rith/Siúl |
|---|---|---|---|
| 1500m | 300m | 15km | 3.5km |
| 300m | 100m | 9km | 2.5 |

*Eolas uaidh:* **Matt Bairéad** 091-81365, **Oifig an Phléaráca** 72582/72541, Josie Ó Giobúin 74202 nó **Jarlath Sweeney**, MTC- 094-88318

Guíonn
Coláiste na bhFiann Teo.
gach rath ar
imeachtaí an Phléaráca

ARRAMARA TEO.
CILL CHIARÁIN, CONAMARA
Teil: 095-33404 / 33417
Facs: 095-33494

TEACH MÓR SCRÍBE
*Iascaireacht Bradáin agus Bric*
*Foghlaeireacht*
*Bialann*
*Lóistín*
Teil: 091-74110
Facs: 091-74179



PLEÁRÁCA '94



**MÁIRE FHADA**

Máire Uí Chonghaile (Cathaoirleach Choiste Eagraithe na Féile) agus Máire Fhada — an trófaí atá le bronnadh i gCill Chiaráin oíche oscailte Phléaráca Chonamara.

Tá an dealbh den chorr éisc déanta as copar ag Liam Butler agus curtha ar fáil ag 'Pléaráca — An Scéim Ealaíon Pobail'. Bronnfar an trófaí seo mar Ghradam an Phléaráca ar phearsa difriiúl chuile bhliain mar chomhartha ómóis agus aitheantais as an méid atá déanta aici/aige thar na blianta le cultúr agus dúchas Chonamara a chur chun cinn. Ní fhógrófar go dtí oíche a bhronnta cé dhó/di a bheas an chéad ghradam ag dul. (pic: BOB QUINN)

*Go n-éirí go geal leis an bPléaráca*
Oifig an Phoist
· CAMUS ·

JACKIE Ó CUALÁIN
Cárna, Co. na Gaillimhe
Fón/Facs: 095-32331
- Member of the National Housing Guarantee -
CONRAITHEOIR TÓGÁLA
Seirbhís Tógála ar fud Chonamara
Níl aon jab ró-bheag nó ró-mhór dhúinn.
*Go n-éirí go geal leis an bPléaráca*





# An Capall

*Ruaidhrí Ó Tuairisg*



• **Johnny Pheter Ó Báille, úinéir 'An Capall'**

**Go dtí gur tháinig an pinsean amach ag tús an chéid seo ní raibh aon tábhacht ag baint le dátaí ag na gnáth-daoine.**

**Choinnigh siad comhaireamh ar am le tarlú mór éicínt a lua leis - Oíche na Stoirme Móire, Bliain Bhalfour, Bliain an Droch Shaoil agus mar sin de. Tá corr dhuine fós nach dtugann dátaí dhuit ach a déarfas leat "ó, sin í an bhliain ar cheannaigh mé an láir dhubh", nó "sin í an bhliain nár thriomaigh fód móna go deireadh an Fhómhair.**

Tá sé fíor dheacair ar an gcaoi sin dátaí cruinne a chur le déanamh na mbád mór. Cé go mba rud mór é i saol an úinéara fós féin níor coinníodh cuntas ar cén uair a leagadh cíle nó má coinníodh tá an t-eolas imithe i léig anois i go leor cásanna.

Sin í an deacracht a bhí agam nuair a chuir mé romham píosa beag a scríobh faoi **An Capall** – bád mór Johnny Bailey.

Bhí muintir Bháille ina gcónaí in Eanach Mheáin ag tús an chéad seo caite. Bhí bád acu darbh ainm *An Capall*. Deirtear gur tugadh an t-ainm *An Capall* uirthi mar bhí capall ag an saor a rinne an bád seo, rud a bhí annamh ag an am.

Tháinig Tom Báille go Doirín Glas thart ar 1850. D'iarr sé ar Pheatsaí Phádraig Fhiacha Mac Donnchadha bád a dhéanamh dó. Is é Peatsaí seo, sean athair Nioclás (Nicko) Ó Conchubhair as Leitir Móir atá ós cionn ceithre scór go leith bliain é féin anois.

Tá sé láidir, meabhrach i gcónaí, go mba fada buan é. Chomh maith le bheith 'na shaor bád bhí siopa ag Peatsaí freisin. Bhí cúigear páistí ag Peatsaí agus ag a bhean - Mary, Sabina,Johnny, Pat agus Baib. Sí Baib máthair Nicko. Bhásaigh bean Pheatsaí nuair a bhí Baib bliain nó dhó. Anois tá fhios againn gur mhair Baib go dtí an bhliain 1951 nuair a bhí sí 91 nó 92 bliain d'aois. Fágann sin gur rugadh í thart ar 1859/1860 agus ise a bhí ina páiste nuair a leagadh cíle an Chapaill.

Tháinig deirfiúr Pheatsaí abhaile as Meiriocá. Faoin am seo bhí an cíle, ball, posta agus trí mhaide urláir leagtha do Tom Báille sa Doirín. Dúirt a dheirfiúr le Peatsaí an siopa nó an saoirseacht a thabhairt suas, nach bhféadfadh sé an dá thrá a fhreastal. Choinnigh sé an siopa. Ghearr Gábhán an t-adhmad agus sé Micil Ó Ráinne as Leitir Caladh a chríochnaigh í. Ba col cúigear é Micil Ó Ráinne d'athair Bheachla Mhicilín Ó Ráinne atá ina chónaí i Leitir Calaidh anois. Tugadh *An Capall* ar an mbád nua in omós don seanchapall a bhí ag muintir Bháille. Go deimhin rinne sé trí bhád do Tom Báille, An Capall, An Capall Beag (gleoiteog) agus bád iomartha trí thonna.

Deirtear gur chaith sé trí seachtainí déag leis an gCapall agus níos faide leis an gCapall Beag. Is cosúil go ndeachaigh siad ar an ól théis *An Capall* a bheith críochnaithe. Nuair bhí an t-airgead caite chuaigh Micil ar ais ag obair go tréan mar bhí lucht feamainne sa mbád iomartha an naoú lá.

Thóg Micil go leor báid, bád dá mhuintir féin, An Capall, An Capall Beag, An Sweeney, An Mary Ann - bád a bhí ag Cóil Taimín, An Scanlán Mór - a bhí i nDoire Fhearta - An Pólach - a bhí in Árainn, bád Dhara Mhóir as an Maimín agus tuilleadh nach iad. Bhí sé ina chónaí faoi dheireadh ar an gCorainn i gCill Cholgáin in aice leis an áit a bhfuil Moran's anois agus é ag déanamh báid ann.

Ceaptar gur bhain saor timpeall £5 amach an uair sin le bád a dhéanamh agus go gcoisneodh bád idir £50 agus £80.

Tá *An Capall* 35' os a cionn agus 10'6" sa seas crainn. Ag tarraingt mhóna soir go Cinn Mhara, Béal a Chloga, Baile Uí Bheacháin, Caladh Mhuirí, Céibh Nua Gleann Eidhneach agus Árainn a bhíodh sí agus trácht ag teacht anoir as Gaillimh. Deir Johnny liom nach bhfuil fhios cén fuisce a tharraing sí soir agus níor rugadh ariamh uirthi. Thug Peter Báille go Coillte i gCo. an Chláir í agus í luchtaithe go glúine le ceaigeanna fuisce as Litir Caladh. (Ní raibh aon díol thiar air, bhí sé ró-fhairsing).

Uair eile aimsir na Trioblóide bhí lucht móna agus fuisce ann ag Peter agus ag a dheartháir Michaelín do fhear darbh ainm Peaitín Jack i mBéal an Chloga. Nuair a bhí Michaelín imithe ag tóraíocht Pheatín



• *thuas:* **An ceathrú agus an cúigiú glún:** Johnny agus a mhac Micheál, ag fáil réidh don gheall, Cinn Mhara 1989
• *ar chlé:* **'Tá sé ina chalma dearg'** – An Capall, Iúil 1992 (pic: Cian de Buitléar)



"Tá súil a'm go mbéarfaidh sé ar an téad seo" – Cinn Mhara 1988

(pic: AN CURADH CONNACHTACH)

iarraidh Peter suas sa bpub, Tigh Daly. Bhí barúil aige go raibh dream ag iarraidh an fuisce a thógáil uaidh. Rith sé amach, síos go dtí an bád agus thug sé snaidhm de chleith do fhear a bhí i ngreim sa traveller.

Thug sé an bád amach leis féin go Baile Uí Bheacháin. Shiúil siad treasna an chnoic leis an gceaig go dtí Peaitín Jack.

Aimsir na Nollag a bhí ann agus bhí sneachta ann. Sé an fuisce a choinnigh beo iad an oíche sin.

Bhí Johnny seacht mbliana d'aois nuair a chuir sé amach an chéad lucht móna lena athair i gCinn Mhara. Ní raibh ar an mbád ach an bheirt. Cheannaigh Beachláin Bermingham an mhóin agus thug sé buicéad úllaí do Johnny. Ba é an buicéad úllaí sin an rud ba deise a fuair sé ariamh. Ní raibh mórán úllaí i nDoirín Glas ag an am. Chuaigh Johnny sa gCapall uilig lena athair nuair a bhí sé trí bliana déag go leith.

Thóg sé máistreacht uirthi nuair a bhí sé seacht mbliana déag mar bhí a athair tinn agus ní raibh mórán fonn ar Mhichaelín dul inti nuair nach raibh an t-athair inti. Shíl sé go raibh Johnny as a mheabhair. Bhí Cóilín, deartháir Johnny, in éineacht leis agus gan é ach cúig déag. Ag tarraingt mhóna go hÁrainn a bhí siad. Bhí Michaelín inti faoi dheire arís. Chuir Johnny agus Michaelín trí lucht móna amach in aon lá - Inis Oírr, Inis Meáin agus Cill Rónáin. Bheadh siad sa mbaile an oíche sin ach dúirt Michaelín " nach bhfuil do dhóthain déanta agat in aon lá amháin". As Ros an Mhíl a thug siad an mhóin £8 an lucht a fuair siad.

Nuair a bhí móin le díol ag fear chuireadh sé scéal ag an mbádóir. Thóg siad móin as Muiceannach, An Aibhnín, Crompán Mór, SeanBhaile, Maimín. Bhí a gcuid áiteachaí féin ag na bádóirí len gcuid móna a dhíol.

Buaileadh tinn Michaelín nuair a bhí sé 64. Fuair Johnny tráiléar (Naomh Cáilean) sa mbliain 1959 agus chuaigh sé ag iascach. Chuaigh Cóilín agus a uncail Pádraig Ó Griallais (a raibh an Mount aige) ag tarraingt mhóna go dtí 1963. Bhí deireadh le saol oibre an Chapaill agus d'fhan sí sa Sruthán Buí go dtí Aoine an Chéasta 1974. Bhí sí sáthach craite nuair a towáil Beachla Mhicilín, Beachláin Taimín, Seán Taimín, Colm Mhichael Labhráis, Johnny féin agus a bheirt mhac Pádraig agus Peadar agus iad 10 agus 8 mbliana d'aois suas go Dún Mánus í. Chaith sí cúig bhliana ag Colm Mhicheál Labhráis agus ag a 7 a chlog ar maidin ar 21-11-1979 dúirt Colm le Johnny "Caith uait iad" (na rópaí ) "Diabhail mórán fonn a bhí orm", adeir Johnny ach sheol siad amach. Chosnaigh sí £8,000 gan sparaí ná seolta. Chuir mé ceist ar Johnny cén fáth ar shocraigh sé an Capall a dhéanamh suas i 1974 nuair nach raibh caint ar gheallta ná tada mar sin, "Cén chaoi a bhféadfainn ligean di titim" a deir sé. "Bhí sí againn ariamh". Ba ag an Spidéal sa mbliain 1980 a thóg sé páirt sa gcéad gheall.

Bhuaigh an Capall an chéad gheall i gCloch na Rón an bhliain sin agus bhuaigh sí freisin ar an Dóilín, ag Cuigéal agus ag Cinn Mhara. Seolta cadáis a bhí uirthi.

Sé Johnny féin a ghearrann agus a fhúáileann a chuid seolta féin i gcónaí. Dúirt sé go bhfuil 30 slat níos mó anois sa seol mór thar mar a bhíodh nuair a bhíodh an bád ag obair. Ba iad Joe Mhadaín, Cóilín Joe Bhairbre, Dudley agus Micil Bailey, John Bhaibín agus Paddy Dundas is mó a bhíodh in éineacht le Johnny. Anois tá Paddy Dundas leo i gcónaí agus tá clann Johnny féin, an cúigiú glún bail ó Dhia orthu, ábalta gnaithe a dhéanamh go maith. Ba bhád an-ádhúil í an Capall i gcónaí. Is iomaí lá agus oíche chrua a chonaic sí ach dúirt Johnny nach raibh aon fhaitíos air ariamh inti ach imní faoi na láinéir agus seolta agus mar sin, go háirithe sa sean am nuair nach raibh an t-ábhar chomh maith is atá sé anois. Dúirt Johnny go raibh sé níos deacra móin a chur i dtír in Inis Meáin ná in aon áit eile. Ní raibh aon chéibh ann agus chuir siad an







'Tá capall Johnny ann agus Dudley le dhul sa gcrann', Carna 1980

(pic: DICK SCOTT)

mhóin i dtír ar an gCóra. Theastóidh maide rámha uait lena ceathrú a choinnéal amach ón gcarraig. Bhí athair Johnny agus a sheanathair Seáinín inti lá, as Cinn Mhara. Shéid sé ina ghála. Chuir an búm a sheanathair i bhfarraige ach thug Peter isteach arís é. Séideadh amach naoi jib an lá sin ag dul anoir agus báitheadh *An Fancy* sa Spidéal. Uair eile bhuail sí an Matal. Feamainn a bhí acu ag dul go dtí an Spidéal - Séamas Báille, uncail d'athair Johnny agus Tom Saile as an Máimín. Bhí siad ag tabharnáil aniar agus bhíodh fear amhán ag ligean néal thairis agus ansin an fear eile. Thit fear na stiúrach (níor dúradh ariamh cé acu) ina chodladh. Tháinig Coastguard an Spidéil ach ní fhágfadh siad í. Tar éis ballasta agus feamainn a chur aisti sheol sí go Cuan an Fhir Mhóir.

Ní raibh sí déanta ach sé bliana nuair a briseadh an taobh uilig aisti i Ros Muc. Ghearr cloch cábla an ancaire agus briseadh í. D'fhéadfaí go leor scéalta eile a inseacht faoin gCapall ach caithfidh sé fanacht go lá eicúint eile.

Tá cuimhní cinn ag chuile dhuine againn faoi rudaí beaga a tharla - rudaí go minic nach bhfuil tábhachtach cosúil leis na húlla a fuair Johnny i gCinn Mhara. Ní raibh Cruinniú na mBád i bhfad bunaithe nuair a chuaigh mé soir go Cinn Mhara ón Máimín ar an gCapall. Tar éis tamaill dúirt Johnny liom "gabh isteach ansin faoin deic agus ól braon tae". Bhí pota mór tae réitithe ar thine mór oscailte ag Micil agus canda mór de arán Bhaba Bailey. I mo shuí ansin ag ól tae, deatach i mo thimpeall, an fharraige i bhfoisceacht cúpla orlach dom, ba é sin mo bhuicéad úllaí sa. Tá sé sin ráite go maith ag Seán Cheoinín in *Amhrán an Chapaill*.

*'Bhí aithne agamsa ar úinéirí an Chapaill.*
*Tá curtha go doimhin doimhin sa gcré.*
*Ba mhaith iad ag roinnt na leathghalúin,*
*is ba mhaith iad faoin arán is faoin tae.'*
Ni fhaca mé ariamh fuar ná folamh iad.

Ón uair a bhí an t-airgead gann, is dheamhan an mhaslaigh siad fear, bean ná páiste in aon chaladh dhá ndeachaigh siad ann". Tá an scéal amhlaidh i gcónaí.

Níl le déanamh agam ach mo mhíle buíochas a chur in iúl dóibh siúd ar fad a chabhraigh liom, Muintir Uí Chonchubhair, Beachla Mhicilín Ó Ráinne agus go háirithe Muintir Bháille atá geanúil, cinéalta agus gnaoiúil aon uair a thugaim cuairt orthu. Go mba fada buan iad. Is fearr atá sé ráite ag Seán Cheoinín:

*'Ar Choimrí Mhic Dé go raibh an Capall,*
*a criú agus an té a bheas dhá góil,*
*Is tá súil agam go gcoinneoidh sí an bhratach*
*go hard i mbarr Chnoc Leitir Móir'.*

•

# Na Súilleabháin Chróga as Uachtar Ard

**Tá a fhios ag an saol Fódlach faoi 'Bhliain na bhFrancach' agus tráchtar go minic i gConamara ar 'Bhliain an Bhrosna' ach tá bliain eile fós nár cheart do Ghaeil na Gaillimhe ligean i ndearmad choíche agus sin í an bhliain 1945 ar a nglaoimse go caoin ceansa 'Bliain na Súilleabhánach.**

Fanann an bhliain seo gan chlaochlú i mo intinn go fóill agus, go gcuirtear na seacht sluaiste orm, cuimhneoidh mé ar éachtaí Thomáis is Dhonncha Uí Shúilleabháin, an bheirt deartháireacha docheansaithe as Uachtar Ard.



Dinny dochloíte Ó Súilleabháin agus é ag cosaint ar a chroídhícheall i gcoinne Shligigh i gcluiche leathcheannais peile Chonnacht i Ros Comáin ar 24 Meitheamh, 1945. Sé a dheartháir Tomás an dara imreoir ó chlé agus ar dheis sa phictiúr (ar chúl Dinny) tá Seosamh Ó Dúgáin (as Anach Cuain) a bhuaigh craobh na hÉireann ag caitheamh an dioscais.

Nuair is léir dúinn gur thosaigh Dinny ar a ré oirirc peile i 1933, go ndearna sé gaisce le Gaillimh i mórán gach cluiche ó shin i leith, chomh maith le Craobhacha Peile na hÉireann a bhuachan i 1934 agus i 1938, caithfear a admháil go mba fhear thar an gcoitiantacht é. (Ní miste a lua gur bhuaigh na Gaillimhigh ar Bhaile Átha Cliath i gcluiche leathcheannais na hÉireann i 1933 agus go ndearna siad an beart arís in aghaidh pheileadóirí na hardchathrach sa chluiche ceannais i 1934 leis an scór Gaillimh 3-5, Baile Átha Cliath 1-9. Agus creid é nó ná creid níor éirigh linn na Bleácliathaigh a chloí sa chraobhchomórtas ó shin i leith-tréimhse fhíorfhada gan amhras ar bith).

Bhí Tom is Dinny agus beirt

**Séamas Ó Cualáin**

deartháireacha eile-Séarlas is Eddie-mar chnámh droma na foirne a ghnóthaigh craobh shinsear peile an chontae do Uachtar Ard i 1938. Ba é seo an chéad uair, agus an t-aon uair amháin fós, a bhuaigh foireann ó IarChonnachta nó aon cheantar eile i gConamara, craobh shinsear an chontae.

## Lánchúlaí Láir

I Samhradh na bliana 1945 i gcluiche leathcheannais peile Chonnacht in aghaidh Shligigh thug Dinny taispeántas uaidh mar lánchúlaí láir (ar chlé ba ghnách leis imirt) nach bhfacthas a leithéid riamh. Chosain sé go calma cróga agus ba chuma an liathróid ag teacht chuige san aer nó ar an talamh d'aimsigh sé í le díocas lena lámha daingne doscaoilte agus ghread amach í le brí is le fuinneamh. Agus tabhair speach ar chic an tSúilleabhánaigh!

Ba ardú meanman a chuid imeartha do na báireoirí eile agus, le cuidiú a dhearthár Tom i lár páirce, fuair siad an lámh in uachtar ar Shligeach. Bhí scoth na bhfear ag Sligeach na blianta sin óir ag imirt dóibh i measc gaiscíoch eile bhí Colm Mac Duibhir as Tír Chonaill agus an cúlaí cumasach Tomás Ó Doinnléibhe.

I mbaile mór Ros Comáin i mí Iúil casadh Gaillimh is Maigh Eo ar a chéile i gcluiche ceannais Chonnacht agus fearadh cath dána dásachtach sular éirigh leis na Gaillimhigh le dhá chúilín (2-6 in aghaidh 1-7). Bhí Dinny agus Tom i mbuaic a maitheasa arís agus tharraing siad meas is urraim orthu féin is ar a gcontae.

Is fiú a rá gurbh é Seán Ó Droighneáin as na Forbacha a thug an criogbhuille do Mhaigh Eo le scór deiridh na coimhlinte. Shleamhnaigh sé isteach ar chúl Richie Mhic an Gheimhridh as Maigh Eo nuair a chonaic sé an liathróid ag teacht isteach go hard. Léim an Maigheoch ach chinn air breith ar an liathróid. Níor leis an Droighneánach ab fhaillí é. Rug sé ar an liathróid, thug leis í ar ruathar aonair agus bháigh sé í gcúl na heangaí í.

## Mórghaisce

Ar aghaidh le Gaillimh ansin go ndeachaigh siad i ngleic le Corcaigh i gcluiche leathcheannais na hÉireann i bPáirc an Chrócaigh. Mura n-imreodh Tomás Ó Súilleabháin ach an cluiche seo amháin bheadh a ainm in airde ní hamháin i nGaillimh ach ar fud Chríocha Fáil.

Chuir sé an clár binne ar a chuid imeartha le mórghaisce an lae úd agus is dóigh nár imir aon pheileadóir riamh chomh díograiseach dúthrachtach agus mar d'imir an Súilleabhánach. Ní raibh fear a chloíte ar an bhfaiche agus ghabh sé trína Corcaigh amhail mar rachadh seabhac trí mhionéanlaith. Ach ainneoin a dhíchill ní raibh i ndán dó féin is dá chontae ach díomua catha sa deireadh leis an scór 2-12 gcoinne 2-8.

Séard dúirt Proinsias Ó Broin, ríthosaí na Mí, liom tar éis an chluiche: "Ba chomhrac é idir Tomás Ó Súilleabháin agus foireann Chorcaí". Níor bheag sin mar mholadh. Bhí seo le rá ag sárimreoir Mhaigh Eo, Liam Ó hOistín, go ndéana Dia trócaire air: "Gan amhras ar bith ba é Tomás an peileadóir ab fhearr sa tír i 1945.

## Cluiche Ceannais Chonnacht 1948

Shleamhnaigh na blianta thart agus i 1948 bhí Gaillimh is Maigh Eo ag iomaíocht lena chéile arís i gcomhair Chraobh Chonnacht agus tar éis dhá chluiche peile chomh maith is a imríodh riamh i Ros Comáin nó ar aon pháirc eile, bhí an scéal gan réiteach fós agus b'éigean am breise a imirt an dara lá.

Beidh cur síos agus trácht go héag ar éachtaí an tSúilleabhánaigh sa dá chluiche. Ní raibh gníomh dá mhéad ná beart dá dhéine nach raibh ina riocht a dhéanamh agus níor shéan sé an chontúirt tráth ar bith. Gan aon áibhéil ba iad Tomás, An tAthair Breandán Ó hAinfe agus Pádraig Ó Riain as Béal Átha na Sluaighe curaidh an chéad lae nuair a chríochnaigh an dá thaobh ar chomhscór-Gaillimh 1-7, Maigh Eo 2-4.

Is fiú a ndúradh i *Scéala Éireann* an lá i ndiaidh an chluiche a athinsint: "Nuair a chuir Tomás Ó Súilleabháin an liathróid thar an dtrasnán ó shaorchic i gcomhair an chúilín a chothromaigh an cluiche ba mhaith a thuill an báireoir as Uachtar Ard an onóir sin mar rinne sé obair churata i gcaitheamh na dea-choimhlinte a chorraigh an slua go smior".

Sa chluiche athimeartha (a bhuaigh Maigh Eo le trí chúilín 2-10 in aghaidh 2-7 tar éis am breise) bhí an Súilleabhánach dochloíte arís agus nó go séala an t-anam asam meabhróidh mé i m'aigne an cúl a fuair sé ó chic éirice sa tréimhse bhreise. Bhí an tAth. Ó hAinfe ar a bhionda freisin agus lá is faide anonn ná inniu imreofar agus athimreofar na comhraic iontacha seo i measc lucht leanúna Mhaigh Eo is na Gaillimhe.



Foireann Shinsear Peile as Uachtar Ard i 1936: Líne ar gcúl (ó chlé) Máirtín Ó Nuáin, 'Dev.' Mac Suibhne (traenálaí), Micheál Ó Loideáin, Micheál Mac Donnchadha, Seán Ó Loideáin, Eddie Ó Súilleabháin, Seán Ó Conghaile, Seán Ó Dónalláin (réiteoir). Líne láir (ó chlé): Tomás Ó Súilleabháin (óganach 15 bliana ag an am), Pádraig Seosamh Ó Gibne, Pádraig Mac Giobúin (captaen), Máirtín Ó Tuathail, Séarlas Ó Súilleabháin.
Líne tosaigh (ina suí, ó chlé): Séamas Ó Muireasáin (cúl báire), Anraí Ó hAllúráin, Pádraig Mag Oireachtaigh, Pádraig Ó Maoldhomhnaigh.

De thoradh an chathbhuailte bhí seans deiridh Thomáis Craobh na hÉireann a ghnóthú imithe le sruth go deo. Nárbh é an trua é!

Cuireadh duifean croí ar Chlanna Gael i gcéin is i gcóngar nuair a bhásaigh an sárpheileadóir seo i Nua Eabhrac Mheiriceá ar 17 Nollaig, 1979.

Go dtuga Dia suaimhneas síoraí na bhFlaitheas dá anam. •

*Go n-éirí go geal le Pléaráca Chonamara*

**IASC MARA**

***Speisialtóirí Bhia Mara***

IASC MARA TEO.,
Ros an Mhíl,
Co. na Gaillimhe
Teil: 091-72136

**Tigh Cholchúin**

An Cheathrú Rua

Siopa Grósaera

& Téipeanna Ceoil

091-95164

*Go n-éirí go geal leis an bPléaráca*

FEIRM ÉISC CHUIGÉAL TEO

An Bóthar Buí, An Cheathrú Rua
091-95018

**AN CHISTIN**

AN CHEATHRÚ RUA

***Teach Spóirt, Ceoil agus Craic***
***Bia agus Deoch***

Muintir Uí Shé
Fón: 091-95151

# Amhráin Tom a tSeoige

**Is dóigh gur féidir a rá, gur beag lá, nach bhfuil amhrán nó dhó a chum Tom a tSeoige, le cloisteál ar an Raidió. Cloisfidh tú iad, ar maidin is sa tráthnóna, ar chláracha faoi bháid is faoi churachaí, agus is deacair clár iarrataisí a shamhlú, gan cumadóireacht Tom a bheith ina measc. Ní ó Chasla amháin a chastar na h-amhráin seo mar is minic iad ar chláracha ó Bhaile na nGall agus ó Dhoirí Beaga freisin.**

Dónall Ó Colchún

Ní amháin go bhfuil na h-amhráin iad féin dea-chumtha, agus riar mhaith acu ann chomh maith, ach go bhfuil siad curtha i láthair, ag scoth na n-amhránaí. Tá isteach is amach le dhá cheann déag d'amhráin a chum Tom a t-Seoige, le fáil ar sé téip le John Beag ó Flatharta agus na hAncairí. Tá amhráin leis casta ag Peadar Ó Flatharta agus ag Dúirling, agus tá an t-amhrán breá sin 'Deoraí Thír an Fhia', ar dhá téip éagsula, ag beirt sár-amhrání – amhránaí ó cheantar na n-Oileáin, – Máirtín Tom Shéainín Mac Donncha agus ag Beairtle Ó Dónaill.

D'fhéadfá a rá, gur iomaí sin cineál amhrán, atá le fáil ó pheann Thomáis. Tá cinn atá ag cur síos ar an imirce agus ar an deoraíocht, ar nós, 'Amhrán Londain Shasana' agus 'Deoraí Thír an Fhia'. Chomh maith leo sin, tá an t-amhrán, 'Na Blianta i Huddersfield', ceann a bhfuil cuid mhaith den ghreann agus de'n mhagadh ag baint leis, agus cur síos ar bhaile mór a raibh an-eolas, ag lear mór daoine air.

Agus más amhráin ghrá atá uait, cá bhfaighfeá amhrán níos deise ná 'Gráinne', casta ag Peadar Ó Flatharta agus Dúirling is é ag rá:-

*Sí an cailín is áille í, shúil talamh ná féar,*
*Tá a cúl gruaige bán', thar básta léi síos,*
*Tá a dá grua chomh dearg, leis an rós ar an gcraobh,*
*Ó mholfá mo Ghráinne, sí grá geal mo chroí.*

Agus ansin, tá John Beag Ó Flatharta agus é ag moladh 'Nóirín', san amhrán grá eile de chuid Tom a t-Seoige:

*Tá mé ag scríobh an litir seo ag Nóirín,*
*Tá na deora ag sileadh uaidh mo shúil,*
*Ag smaoineadh ar chomh milis is bhí do phóigín,*
*'S ar dhath an óir, gach ribe de do ghruaige.*

Ach ní taobh le amhráin ghrá, ná go deimhin amhráin faoin imirce, atá Tomás Seoige, mar tá an-amhrán cumta aige ag moladh Pheait na Máistreása, - an gaiscíoch mór sin as an Droim, agus is iontach mar atá cur síos déanta aige ar an lúthchleasaí úd:-

*D'imir sé amuigh i bPittsburg,*
*agus d'imir sé i St. Paul,*
*ar ais go New York City arís*
*'n áit ar bhain sé amach a cháil.*
*Mar ghnó sé Craobh an Domhain uilig,*
*i naoi déag fiche dó,*
*Agus beidh onóir go deo sna h-Oileáin dhó,*
*an fhad is bhéas aon duine ann beo'.*

Mhol sé go h-aer freisin fir na gCurach 'Clann Jimmy an Oileáin' in 'Amhrán na Jimmy's' agus Pádraig, Colm agus Mícheál in 'Amhrán na gCualáin', nuair dúirt sé:-

*'Ó ní bhuailfear na Cualáin, cé bhuailfeas le iomramh iad,*
*ní bhuailfear na Cualáin, ach an triúr a bheith ann,*
*Le crugaí nach mbrisfidh,*
*Is maidí nach gclisfidh,*
*Ó thúirfainn mo mhionna gur leo an lá'.*

Ní h-íontas ar bith gur chum Tomás amhráin ag moladh Leitir Móir - nós 'Baile Aerach Leitir Móir', agus ceann eile faoi 'Chladhnach', ar an gCeathrú Rua.

Rugadh sa Sconsa, i Leitir Móir é i dtús na dtríochadaí, agus sar a raibh scór bliain bainte amach aige, bhí sé thall i Sasana, ag obair ó cheann ceann na tíre. Chaith sé blianta ag obair ar an mbuildeáil agus ag déanamh bóithre, agus chaith sé seal ar an 'mbeet' freisin.

Ba i Londain a casadh Eibhlín Nic Dhonncha, as Cladhnach ar an gCeathrú Rua air, agus phósadar, agus d'fhilleadar ar Chladhnach, tar éis cúig nó sé de bhlianta.

Thógadar beirt mhac agus triúr iníon, ach fuair iníon bás cúpla bliain ó shin, agus d'éag a bhean Nell i Meán Fómhair (1993) anuraidh go ndéana Dia trócaire orthu beirt.

Tá an t-amhrán faoi Chladhnach, thar barr agus mura bhfuil an baile sin molta, ní lá go maidin é. Sé an scéal céanna é, san 'Merican Mór', amhrán ag moladh an bháid agus a máistir:-

*'Seol, seol, a Mherican Mhóir,*
*Spáinn do chuid siúil do Tom Deairbe,*
*Nach bhfuil siad dhá rá, nach bhfuil do mháistir de bhád,*
*Le fáil againn anseo i gConamara'.*

Ach, is dóigh gurb' iad na h-amhráin ghrinn na cinn a bhfuil cuid mhaith spraoi ag baint leo, is fearr a thaitníonn le daoine. Orthu sin tá 'Amhrán an Bhingo', 'An Prefect'- an t-amhrán faoin sean-chárr, agus na trí cinn faoin méit seo a bhí aige - 'Litir ó mo mhéit', 'Mé féin is mo mhéit', 'Mo mhéit ag filleadh abhaile'.

Tá an t-an-chuntas go deo ar an 'Méit', ins na trí amhrán seo, agus tá cur síos breá ar an méit é féin, agus ar gach a ndearna sé, agus ar chuile áit a raibh sé.

Beidh daoine ag fanacht go bhfeicfidh siad, céard é an chéad scéal eile, a bhéas faoin 'méit', amach anseo, ach go dtí sin beidh John Beag ag casadh mo mhéit ag filleadh abhaile' – ceann de mhór-amhráin, ón mór-chumadóir amhrán – Tom a tSeoige.

An Ghleoiteog
BIALANN
Ros a'Mhíl & 091-72237
*Stéigeanna • Bia Mara • Sailéidí*
*Á la Carte • Fíon*
Bia den Scoth - Oscailte 7 lá

PÁDRAIC Ó SÉAGHDHA
SPAR
Ros an Mhíl, Baile na hAbhann
GRÓSAERA – GÁS
BÚISTÉARA





# Comharthaí Bóthair na Ceathrún Rua

Nuair a sheol Liam Mac an Iomaire clár Phléaráca Chonamara '94 in Óstán Chois Fharraige le gairid, rinne sé gearán láidir faoi na comharthaí bóthair atá crochta ag Comhairle Chontae na Gaillimhe sa gCeathrú Rua. Is cosúil gur iarr Comhairle Pobail na Ceathrún Rua ar an gComhairle Chontae, comharthaí a chrochadh le aird a tharraingt ar cúpla trá atá sa cheantar. Chuir an Comhairle Pobail liosta na nainmneacha ag an gComhairle Chontae agus iad scríofa amach ceart – Trá Bharr an Doire; Trá an Chaoráin Bhig; Trá na Reilige etc. Mar a dúirt Liam Mac an Iomaire:

**"Bhain genius éicint sa gComhairle Chontae *'Trá'* den ainm a crochadh ach d'fhág sé an cuid eile gan athrú- Bharr an Doire; An Chaoráin Bhig etc."**



Liam Mac an Iomaire




## *Comhairle Pobail Nua i gCeantar na nOileán*

**Tá Comhairle Pobail nua bunaithe i gCeantar na nOileán ó thús an tSamhraidh. Ag cruinniú poiblí a bhí i halla Thír an Fhia ar an 25 Iúil 1994, ghlac an pobal a bhí i láthair le moltaí a bhí curtha le chéile ag grúpa oibre a bhí tagtha le chéile le roinnt míonna roimhe sin.**

Bhí ionadaíocht ar an ngrúpa oibre seo ag oifigigh ó Roinn na Gaeltachta agus ó Údarás na Gaeltachta agus ag ionadaithe ó choistí agus ó eagraíochtaí atá gníomhach i gCeantar na nOileán le tamall maith. Ba é an príomh mholadh a cuireadh ós comhair an phobail an oíche sin ná go mbunofaí comhairle pobail ins an gceantar ar a mbeadh ionadaíocht ag na coistí agus eagra'ochtaí atá gníomhach ins an bpobal cheana féin chomh maith le ionadaíocht óna bailte trí toghacháin a reachtáil iontu. Moladh gur fiche trí a bheadh ar an gComhairle Pobail, deichniúr óna coistí agus trí dhuine dhéag tofa ag na bailte. Déanadh roinnt mhaith plé an oíche sin ar an ról a bheadh ag an gComhairle Pobail nua agus cuireadh cuid mhaith ceisteanna ar bhaill an ghrúpa oibre. Bhi ionadaithe i láthair óna coistí ar fad atá gníomhach i gCeantar na nÓileán, idir Coistí Spóirt agus Caithimh Aimsire, Coistí Uisce, Muintearas, Fiontar agus go leor eile. Léiríodh go raibh go leor daoine i gCeantar na nOileán an ghníomhach in obair phobail agus go rabhadar sásta obair dheonach a dhéanamh. Míníodh gurbh é an fáth a raibh tabhacht le comhairle pobail ná go ndéanfaí comhordnú ar an obair fhorbartha agus shóisialta atá ar bun agus go mbeadh glór aontaithe ag an gCeantar. Bheadh sé seo tábhachtach chun plean forbartha don cheantar a chur le chéile agus a airgeadú.

Reachtáileadh toghacháin ins na bailte i lár Meithimh agus d'ainmnigh na coistí agus na heagraíochtaí a gcuid ionadaithe fein ar an gComhairle nua. Bhi an chéad chruinniú den Chomhairle pobail ann ag deiridh mi Iúil. Tá súil go n-éireoidh go maith leis an gComhairle agus go dtabharfaidh sé Ceantar na nOileán céim eile chun cinn ó thaobh forbartha dhe.



Peigín Leitir Móir agus an Scorach: An Blácach (Criostóir Breathnach) ag fógairt toradh an chomórtais leis an bhean is áille i gConamara a aimsiú. Ar chlé tá Peigín Leitir Móir (Nóra Pheait Willy Ní Ghríofa) agus Bean a' Bhlácaigh (Eileen Geoghegan). Ar dheis tá Ned Ó Cearra (Diane Ní Mhainnín). pic: BOB QUINN

# *Peigín agus an Scorach*

CHONAIC OS CIONN 3,500 an gheamaireacht a scríobh Joe Steve Ó Neachtain, 'Peigín Leitir Móir agus an Scorach' níos túisce i mbliana. Pléaráca – an Scéim Ealaíon Pobail atá dhá airgeadú ag An Combat Poverty Agency faoi scéim Horizon agus atá lonnaithe i Ros Muc a d'iarr ar Joe an gheamaireacht a scríobh. B'é Trevor Ó Clochartaigh ó Chill Chiaráin a léirigh an seó agus chuir Paul Corbett snas ar an gceol.

Bhí an gheamaireacht bunaithe ar sheanchas a bhaineann le **Scorach Ghlionnáin**, fathach d'fhear a mhair i gCois Fharraige aimsir an Ghorta agus a raibh de cháil air gur ghoid sé ón tiarna talún le fóirithint ar dhaoine bochta a bhí i gcruachás. Sa gheamaireacht, leagann **Séamas a' Bláca** an tiarna talún a raibh cónaí air sa Tulach súil ar **Pheigín** agus cuireann an Blácach iachall uirthi é a phósadh in aghaidh a tola. Ach cloiseann an **Scorach** faoin scéal agus sábháileann sé Peigín ón mBlácach díreach in am.

Mar is iondual le geamaireacht bhí meascán greann, ceol, amhráin, seanchas agus damhsa sa seó agus bhain gach aoisghrúpa ardtaithneamh as.

Léiríodh an gheamaireacht sna háiteacha go léir a d'iarr é – Na Forbacha; An Tulach; Ros a' Mhíl; An Cheathrú Rua; Tír an Fhia; Camus; Cill Chiaráin; Ros Muc; Corr na Móna; Inis Oirr; Inis Meáin; Cill Rónáin. Tugadh go Ráth Chairn agus go Baile Átha Cliath é chomh maith sara cuireadh é ar an stáitse don uair deireannach i dTaidhbhearc na Gaillimhe.

Tá sé i gceist ag Pléaráca geamaireacht eile, scríofa ag Joe Steve, a chur ar an stáitse tar éis na Nollag.

Saotharlann Chonamara

Ionad Fiontraíochta
Ros Muc
Conamara
Teil: 091-74355 Fax: 091-74356

• Siopa & Ósta •
TIGH MHAIDHCEO
Ros Muc 091-74121

Ceol Traidisiúnta • Smailceanna
Peitreal • Leabharlann Fístéipeanna
Gual • Flo-gas
*Seachadadh Saor in Aisce*







Máirtín Tom Sheáinín i mbun amhrán os comhair na mílte daoine le linn don ghrúpa ó Chonamara a bheith ar an ardán ag an bhféile mhór cheoil 'Cnapan' sa Bhreatain Bheag.

# *Turas na Breataine Bige*

**Mí Iúil chuaigh grúpa ceoltóirí, amhránaithe agus damhsóirí ar an sean nós ó Ghaeltacht Chonamara go dtí An Bhreatain Bheag le páirt a ghlacadh i *Cnapan* – féile mór ceoil. Bíonn grúpaí ó na tíortha Ceilteacha ar fad páirteach sa bhféile bhliantúil seo. Is i Ffostrasol, baile beag i nDeisceart na Breataine Bige, i gceantar láidir Breatnaise a bhíonn an fhéile ar bun.**

Seo mar a chuireann an *Rough Guide to Wales* síos ar an bhféile Cnapan:

> *Gwyl Werin y Cnapan. Ffostrasol, Dyfed. The biggest folk event in Wales, hardly known outside the country, has a powerful line-up of bands from Wales and the rest of the Celtic world. Second weekend in July.*

Sé Coiste Pobail Ros Muc a fuair an cuireadh grúpa a chur anonn ag an ollfhéile seo agus d'eagraigh *Pléaráca - An Scéim Ealaíon Pobail* atá lonnaithe i Ros Muc an turas.

Páirteach sa ghrúpa bhí na ceoltóirí Tommy Kate Ó Mainnín (Ros Muc), Josie Ó Ceannabháin (Cárna), Meaití Joe Shéamas Ó Fatharta (An Cnoc), Róisín Nic Dhonncha (Cárna), Máire Áine agus Áine Ní Chuaig (Cill Chiaráin); na damhsóirí Annie Ní Dhubháin (Cárna), Ned Ó Flatharta (Ros Muc), Mairéad Ní Chuaig (Cill Chiaráin); na amhránaithe Máirtín Tom Sheáinín (Leitir Móir); Micheál Ó Cuaig(Cill Chiaráin) agus Caitríona Ní Cheannabháin (Coill Sáile). Chuadar ar an stáitse faoi dhó faoin teideal (i mBreatnais) 'Blas ar Conamara'.

Chomh maith le seans a thabhairt do mhuintir na Breataine Bige cultúr beo na Gaeltachta a bhlaiseadh bunaíodh nasc idir pobal Ros Muc i gConamara agus pobal Ffostrasol agus bhronn Diane Ní Mhainnín ar son Choiste Pobal Ros Muc macasamhail húicéire gearrtha ó mharmar Chonamara ar phobal Ffostrasol le linn na féile.

Bhí an turas ar an mBreatain Bheag airgeadaithe ag *An Combat Poverty Agency*, mar chuid de chlár Horizon an Chomhpobail Eorpaigh, tríd an Scéim Ealaíon Pobail, Pléaráca.

Mar thoradh ar an turas tá suil anonn le grúpa mór ón mBreatain Bheag ag tíocht anonn le haghaidh Pléaráca Chonamara

agus beidh siad ag fanacht i dtithe i Ros Muc. Beidh **Y Moniars** an grúpa is mó ag an bhféile a chuaigh i bhfeidhm ar na daoine óga ó Chonamara a bhí ar an dturas, ag casadh sa gCeathrú Rua le linn Pléaráca Chonamara.

Ag tíocht abhaile sa mbus, chuir Máirtín Tom Sheáinín ceist ar chuid dena daoine a bhí ar an dturas, cén chaoi a ndeachaigh sé i bhfeidhm orthu. Seo cuid dena freagraí a thug siad dhó.

**Micheál Ó Cuaig:**"*An rud is mó a chuaigh i bhfeidhm orm ná muintir na háite agus an cean a bhí acu ar mhuintir Chonamara.*"

**Tommy Kate Ó Mainnín**: "*Ní tada a bhí ann ach éacht.*"

**Máire Bn. Uí Chonghaile** (Cathaoirleach Pléaráca Chonamara): *D'fhoghlaim mise go leor ar an chaoi a raibh an fhéile seo eagraithe. Bhí 5000 duine ann. Ach bhí an grúpa againn féin chomh maith le grúpa ar bith a chuaigh ar an ardán. Maidir leis an damhsóirí, níor fhág siad an urlár ar feadh na hoíche.*"

**Ned Ó Flaithearta**: *Ceol agus damhsa chuile oíche. Neart le nithe agus neart le n-ól. Ceapaim go gcaithfidh mé dul ar doctúr na gcos nuair a shroisim an baile.*

**Maití Joe Shéamais Ó Fátharta**: *Bhí mé an tógtha le meon na ndaoine, go háirid le cé chomh láidir is atá an teanga.*

**Máire Áine Ní Chuaig:** *Ní raibh súil ar bith agam go mbeadh an oiread daoine óga ann. Bhí thart ar 5000 duine ann agus na daoine óga a bhíomar in éineacht leo aréir, bhíodar uilig ag labhairt Breatnaise eatarthu féin. Ceapaim go mba cheart daoine óga a thabhairt ann an chéad bhliain eile le go bhfeicfidís gur féidir an craic a bheith againn i nGaeilge.*

**Meta Bn. Uí Mháille:** *Ba cheart lán bus de dhaoine óga ó Chonamara a thabhairt ann an chéad bhliain eile.*

**Diane Ní Mhainnín:** *Féile iontach ata ann. Tá an cultúr agus an teanga an láidir ann. Bhí chuile dhuine de mo aoisghrúpa ag labhairt Breatnaise.*

**Máirín Bn. Uí Dhubhda:** *Chuir mé an suim go deo sa méad daoine ann atá ag labhairt a dteanga féin, idir óg agus sean. Thuig mé uathu gurb é an teilifís an príómh rud a chuir an teanga chun cinn.*

**Gwen Wyn:** *Bhí thart ar 300 ag an gcéad fhéile agus bhí thart ar 5000 ann i mbliana. Tá daoine ag teacht ag an bhféile seo as chuile áit ar fud na Breataine Bige. Bheadh sé iontach dá mbeadh daoine ag teacht ó chuile áit ar fud na hÉireann ag Pléaraca Chonamara.*

**Mairéad Ní Scanláin:** (Eagraí An Scéim Ealaíon Pobail) *B'fhiú go mór an turas a dhéanamh. Ó thaobh an dream a thugamar anonn thaispeán siad cuid den chultúr atá againne agus thug sé seans dóibh cuid de chultúr na Breatnaise a bhlaiseadh. Déanfaimid arist é.*

**Donncha Ó hÉallaithe** (Cathaoirleach Pléáráca – An Scéim Ealaíon Pobail): *Ó thaobh ceol nua-aimsireach ina dteanga féin, tá siad i bhfad chun cinn orainn. Ní bhíonn siad ag déanamh aon leithscéalta faoi Bhreatnais a bheith dhá labhairt acu agus níl aon seanmóireacht ar bun acu ach oiread.*

**Annie Ní Dhubháin:** *"Ná mba fada go ndéana muid arist é."*



Damhsóirí Chonamara ag cur críoch croíúil le 'Blas de Chonamara' (nó, mar a deir siad i mBreatnais, *'Blas ar Conamara'* ) ag an bhféile "Cnapan' sa mBreatain Bheag.








Ned Ó Flatherta, Ros Muc, ag fáil bualadh bos mór ón slua mór ag féile cheoil san Bhreatain Bheag, tar éis do céapar damhsa a dhéanamh.

RAPIRE
TEORANTA
• INDREABHÁN •



*Go n-éirí go Geal leis an bPléaráca*

ÓST NA NOILEÁN
• TIGH LEE •
Leitir Mealláin 81161
ÓST & BIALANN
CEOL GACH
DEIREADH SEACHTAINE
*Go n-éirí leis an bPléaráca*

# Am agus Tráth:

## *Ag Leanacht an Réalt Eolais*

Seán Ó Conaola S.S.C.

**Taobh amuigh de Scoil Ros a' Mhíl an oíche cheana bhí beirt againn ag breathnú suas ar an spéir bhreá réaltógach.**

"Nach breá a bhreathnaíonn an chamchéachta", a deir mé féin, "agus an méid réalta atá i mBealach na Bó Finne".

"Is breá ar m'anam" a deir Seán, "ach cé nach gcuimhneodh ar an té a chuir ann iad, agus a mhac go deo nach beag muid thíos fúithi agus nach minic go gaiscúil uaibhreach muid ag ceapadh go bhfuil máistreacht ar an saol againn."

"A Thiarna nach ea" a deir mé féin.

Ar mo bhealach abhaile bhí mé ag cuimhniú siar ar na háiteacha a raibh mé agus ar na h-eachtraí a tharla a bhaineann le saol an duine agus aois an domhain.

Deireadh Bealtaine seo caite thug mo ghnaithe mé go Phoenix, Arizona, agus bhí seans agam cuairt a thabhairt ar sheanchairde ó Korea. Thapaigh siadsan an deis le mé a thabhairt ag campáil sna *State Parks* in aice an *Grand Canyon* áit nach raibh mé ariamh roimhe sin. Cé gur iontach a áilleacht agus gur mór é tábhacht an Grand Canyon, sí an State Park a bhfuil an Petrified Forest ann is mó a chuaigh i gcionn ormsa. Tá crainnte le feiceáil ann atá cruaite amach ina gclocha. Thabharfá an leabhar gur crainnte adhmaid iad, lena bhfheiceál uait ach is cloch atá iontu.

Crainnte iad seo a thit i láib i mbogach talún 450 milliún bliain ó shin. Shú an t-adhmad mianraí na talún ina gcréachta. D'athraigh an taeráid. Thriomaigh an talamh. D'imigh an crann agus inniu gheobhaidh tú crann cloiche cúpla céad troigh ar fad sínte amach sa bhfásach i ndúiche te Arizona. "450 milliun bliain ó shin" a deir mé féin. "Cén chaoi a bhféadfadh daoine an méid sin blianta a thuiscint nó a shamhlú?".

Ó tháinig mé abhaile an samhradh seo thug mé cuairteoirí a bhí agam ar cuairt go suíomhanna stairiúla na hÉireann, ó Bhrú na Bóinne go Dún Aonghusa, ó Ghleann Dá Loch go Caisleán Trim. An lá faoi dheireadh den chéad uair bhí seans agam turas a thógail go dtí na *Ceide Fields* in Iarthuaisceart Mhaigh Eo. Mar fhear a rugadh agus a tógadh ar cholbha an chriathraigh i nDoire Choill ní rud nua ná íontach dom an portach ná an sliabh. Agus ar ndóigh bhí seanchleachtadh agam ar na ráigeanna baistí a bhí ag cur fáilte romhainn aniar ón Atlantach, agus a d'fhág muid ag sraofach agus ag casacht.



Seán Ó Conaola CCS, nó Johnny Dhoire Choill, atá ag sagartóireacht i Chicago na Stáit Aontaithe. Chaith sé píosa fada roimhe sin ina mhisinéar i gKorea.

Ach sé a rinne stangaire de gach duine, na ballaí cloiche atá 14-15 troigh thíos faoin bportach. Mhair treabh éigin daoine go múinte síochanta san áit seo os cionn 5000 bliain ó shin. Is ar éigin a mhairfeadh an giorria féin inniu ann agus dá mbeadh ciall aige ní fhanfadh sé i bhfad ann mura mbeadh péire breá *wellingtons* aige, rud nach raibh agamsa.

Cérbh iad féin, cérbh as iad nó cá ndeachaigh siad, na ceisteanna nach bhfuil freagraí ceart orthu fós. Ach ní le caint ar sin atá mé anseo ach féachaint le míniú pearsanta a fháil ar stair an domhain.

'Sé an rud is mó a chas thart an samhradh seo mé ná cóisir i measc gaolta agus cairde le ceiliúradh a dhéanamh ar an 25 bliain atá caite agam i mo shagart agus i mo mhisinéar i gKorea. Go deimhin th'éis dom crainnte cloiche Arizona a fheiceáil ghoill sé chomh mór orm ar feadh cúpla lá go raibh fonn orm an ceiliúradh a chaitheamh in aer ar fad mar nár bhreathnaigh 25 bliain tada i gcomparáid le aois na gcrainnte sin.

Tá ceist mhór fhealsúnachta agus dhiagantachta anseo do chuile dhuine againn. Ar bhealach amháin mothaíonn muid nach fiú tada muid féin i gcomparáid le Dia atá ann ón tsíoraíocht - agus ní féidir lenár n-intinn síoraíocht nó aois an domhain nó stair an chine daonna a thuiscint. Ar an taobh eile den scéal más óg nó sean muid, níl againn ach an t-aon saol amháin agus thug Dia an bheatha sin dúinne le caitheamh go macánta múinte cneasta.

Agus mé féin ag réiteach le mo chúig bhliain is fichead a cheiliúradh rinne mé go leor macnaimh agus smaoinimh. Airím fíor-bhuíoch do Dhia a thug an bheatha agus an phribhléid dom oibriú ina ghort leis an achar sin; gabhaim buíochas leis faoi na comhoibrithe breátha agus na cairde a sheol sé faoi mo dhíon sa tréimhse sin mar is ar scáth a chéile a mhaireann na daoine. Ar an taobh eile nuair a chuimhníonn mé ar chrainnte cloch Arizona agus na Ceide Fields tuigim nach bhfuilim ach mar a bheadh gráinne beag gainimh ar thrá mhór an tsaoil. Múineann sin umhlaíocht dom, agus cuireann sé croimeasc ar mo chuid uabhair, sainte agus gaisce.

Ní móran é 50 bliain ná 25 bliain sagartóireachta ach sé an taon saol atá againne, guím go gcaithfimid go humhal agus go cneasta é. Go raibh an chamchéachta agus réaltóga uile na spéire mar threoraí againn ar go leor bealaí i gcónaí. Go raibh maith agat a Sheáin Uí Dhomhnaill a chuir ag breathnú níos doimhne sa spéir mé.





# *Amhrán an Bheairic*

*Micheál Ó Nia*

Tá an beairic seo thíos curtha in airde,
Tá Gardaí agus Tecks ar an track,
Cuir tuairisg ar leaids óga na háite,
'Bhí amuigh maidin Luain ar an gcraic.

Ag bun an Ghoirt Mhóir a bhí an stáisiún,
A tógadh tar éis aimsir na dTans,
Is iomaí fear maith a chaith lá ann
Agus a fuair baton i fágáil dó as.

Sé Colm an chéad fear a tháinig,
A chonaic an dealtach is an splanc
A chuaigh go Gleann Catha ar an nGárda,
Ach bhí an Brigade ró mhall ag teacht.

Deir siad gur time bomb ba chás leis,
Ach níor airigh mórán an blaist,
A chuir an doras mach ina chlára
Agus ni áirím na drummanaí Gas

Sé Mc Loughlin a bhí ann ar gárda
An lá seo ar tharla an bleaist.
Séard dúirt sé nach bhféadfadh sé tarlú,
Mara dtáinig aon crowd as an North.

Séard dúirt big-shots na háite,
Gur mór an feall agus an chreach
An beairic seo thíos a bheith bánaithe
Agus gan fágaithe ach sean caravan.

Sé mo thrua géar nach maireann an
Fáthartach,
An fear a bheadh án ar i gceart.
Choinneodh sé an bratach in airde
Agus ní bheadh tada le rá le aon fhear.

Séard dúirt leaids óga na háite,
A sheasadh Dé Máirt ag Tigh Clarke,
Go mbeadh siad thar a bheith sásta
Dá gcuirtí san aer an caravan.



Michael Beag Mhichil Pháidín Ó Nia

TURASÓIREACHT CHONAMARA AGUS ÁRAINN

OIFIG EOLAIS

COIS CUAIN, CASLA
CO. NA GAILLIMHE

FÓN/FACS: 091-72582

*Gach rath ar an bhFéile*

COMHAR CAOMHÁN TEORANTA

Inis Oírr, Oileáin Árann

• Comharchumann Forbartha Gaeltachta •

*Go n-éirí go Geal le Pléaráca Chonamara & Árann*

BÁCÚS TINE MHÓNA

Scríb, Conamara

Cácaí Milse, Arán Traidisiúnta, Cácaí Breithlá

Bácáilte gach lá i dTine Mhóna

Glacann muid le hordaithe speisialta

Fón 74110

# Sraith na mBád Seol

## *– Báid na Ceathrún Rua chun tosaigh*

Gan ach geall amháin fágtha ag na Báid Mhóra an séasúr seo is cosúil go mbeidh an bua ag **An Mhaighdean Mhara**. Níl ach seacht bpointe idir bád Phádraig Johnny Jimmy Mac Donncha agus bád Mháirtín O'Brien, **An Tónaí**.

'Sé an t-aon bhealach a mbeadh An Tónaí in ann breith ar an Mhaighdean Mhara anois, nach n-éireoidh le Pádraig Johnny Jimmy a bhád a thabhairt isteach go Cill Éinne ag deireadh na míosa.

I gcoimhlint na leath-bháid tá an **Swan**, bád Michaelín Johnny ón gCeathrú Rua, chun tosaigh ar **Bhláth na hÓige**, le Pádraig Chóilín Ó Cualáin ó Charna. Gan ach sé phointe eatarthu, is cosúil gur ag fear Dhoire Fheatharta a bheas duais an leath-bhád ag dul i mbliana.

I gcoimhlint na ngleoiteoga beaga sé bád **John Deairbe Ó Flaithearta** i bhfad chun tosaigh ar gach ceann eile ach tá an choimhlint idir **Pádraig Óg Mac Donncha** lena ghleoiteog nua agus **John Bhaba Jeaic** i **gCeol na Mara** don tarna áit. Ní raibh **Nóra Bheag**, bád **Chóilín Uí Iarnáin** páirteach ach i dtrí gheall. Ghnóthaigh sé péire acu agus murach an méid a tharladhó ag dul timpeall ar bhuaí i gCaladh Thaidhg, ceaptar go mbeadh an geall sin aige chomh maith mar gur chríochnaigh sé i bhfad chun tosaigh ar na báid eile.

**BÁID MHÓRA**

| | An Tónaí | American Mór | An Mhaighdean Mhara | Mac Dara | An Capall |
|---|---|---|---|---|---|
| Inis Oirr | 6 | 7 | 10 | 8 | AL |
| Inis Meáin | 8 | 6 | 10 | 7 | AL |
| Féile Mhic Dara | 7(21) | 8(21) | 10(30) | 6(21) | AL |
| Cloch na Rón | - | - | 10(40) | - | AL |
| Leitir Mealláin | 8(29) | 10(31) | - | 7(28) | AL |
| Dóilín | 7(36) | 8(39) | 5(45) | 6(34) | 10 |
| Cinn Mhara | 7(43) | 5(44) | 10(55) | 6(40) | 8(18) |
| Caladh Thaidhg | 10(53) | 5(49) | 7(62) | 8(48) | 6(24) |
| Cill Chiaráin | 10(63) | al (49) | 8(70) | 6(54) | al(24) |

**LEATH BHÁID**

| | Star of the West | An St. John | Bláth na hÓige | An Lord | Meaircín Joe |
|---|---|---|---|---|---|
| Féile Mhic Dara | 10 | 8 | 56 | 5 | al |
| Cuigéal | 6(16) | 5(13) | 10(16) | 8(13) | al |
| Cloch na Rón | 8(24) | 5(18) | 7(23) | 6(19) | al |
| Dóilín | 8(32) | 5(23) | 7(30) | 10(29) | al |
| Cinn Mhara | 7(39) | 5(28) | 6(36) | 4(33) | 10 |
| Caladh Thaidhg | 6(45) | 5(33) | 8(44) | 7(40) | 4(14) |
